

Cosaint ar Chultúr, Oidhreacht & Tírdhreach

8.1	Réamhrá	312
8.2	Oidhreacht Nádurtha	312
8.3	Oidhreacht Tógtha	327
8.4	Measúnú ar Charachtair Thírdhreacha	343



8.1 RÉAMHRÁ

Tá oidhreacht shaibhir nádúrtha agus tógtha ag Contae na Mí, ina n-áirítear gleannta abhainn áille, talamh feirme rollach, gréasán de fhál sceacha aibí, gnáthóga cósta éagsúla, eagar suntasach de struchtúir chosanta, limistéir ailtireachta caomhnaithe, tírdhreacha agus bailte oidhreachta, láithreáin oidhreachta atá tábhachtach go hidirnáisiúnta agus carachtar tuaithe idéalaíoch inmhaite, iad ar fad faoi thionchar úsáid talún agus bainistíocht.

In ullmhú agus glacadh le Plean Forbartha, tá dualgas éigeantach ar an tÚdarás Pleanála cuspóirí dóibh seo a leanas, i measc nithe eile, a chuir san áireamh;

- Caomhnú agus cosaint na timpeallachta, ag cuir san áireamh ach go háirithe oidhreacht seandálaíochta agus nádúrtha agus caomhnú agus cosaint suímh Eorpacha agus aon suíomh eile a d'fhéadfaí a leagadh síos ar son an ailt seo;
- Caomhnú ar charachtar na tírdhreacha chomh fada is, i dtuairim an tÚdarás Pleanála, go bhfuil sé riachtanach ó thaobh pleanála agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, le caomhnú radhairc agus amhairc agus áiseanna áiteanna agus tréithe áilleachta nó suime san áireamh
- Cosaint struchtúir, nó codanna de struchtúir, a bhfuil suim ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíocht nó teicniúil ar leith acu, agus;
- Caomhnú a dhéanamh ar charachtar limistéir ailtireachta caomhnaithe.
(Déan tagairt d'Ailt 10(2)(c)(e)(f) agus (g), an tAcht um Pleanáil & Forbairt, 2000)

Imlíníonn an chaibidil seo an t-eolas comhthéacsúil leanta ag polasaithe agus cuspóirí maidir leis an oidhreacht thógtha agus nádúrtha agus le caomhnú carachtar na tírdhreacha a chúisíonn siad. Shocraigh an tÚdarás Pleanála comhthéacs polasaithe atá riachtanach mar atá éilithe ag pleanáil agus forbairt inbhuanaithe cheart Contae na Mí. Admhaítear chomh maith go ndéanann caibidil eile sa Phlean seo déileáil le cúrsaí mar seo go hindíreach, ag iarraidh an aidhm sháraitheach de chosaint a dhéanamh ar thréithe saorga agus oidhreacht nádúrtha saibhir an chontae a bhaint amach. Rinne an tÚdarás Pleanála a dhícheall cur chuige comhsheasmhach a lorg tríd an Phlean seo ar fad maidir le foirmiú polasaithe agus cuspóirí gaolta. Cabhraíodh le hullmhú an chaibidil seo trí choimisiúnú Measúnú ar Charachtair Thírdhreacha a dhéanann suas Agusín VI an Phlean Forbartha.

8.2 OIÐHREACHT NÁDÚRTHA

8.2.1 Réamhrá & Comhthéacs

Ar aon dul le treoraíocht agus reachtaíocht Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Réigiúnach, caithfidh Údarás Pleanála dul i gcúram ar pholasaithe atá ar aon dul leis na cuspóirí éigeantacha san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, chun oidhreacht nádúrtha a ceantair a chosaint.

Déanann an Chomhairle a dícheall bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha an Chontae a chaomhnú agus a fheabhsú. Áirítear anseo fiadhúlra (flóra & fána), gnáthóga, tírdhreacha agus / nó tréithe tírdhreacha atá tábhachtach don fhiadhúlra nó aige bhfuil príomh-ról i gcaomhnú agus bainistiú acmhainní nádúrtha cosúil le uisce.

Díríonn Oidhreacht Nádurtha ar limistéir caomhnaithe ainmnithe agus neamh-ainmnithe ach go háirithe, cosúil le:

- Limistéir Oidhreachta Nádurtha Beartaithe (pNHA) & (NHA);
- Limistéar Speisialta um Chaomhnú (cSAC) larrthóra;
- Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA);
- An Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta;
- Gréasán Natura 2000;
- Speicis Cosanta faoin tOrd um Cosaint Flóra, 1999 (nó Oird cosúla eile), Achtanna um Fhiadhúlra, 1976-2000, s.r.l.;
- Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga, agus iad siúd liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin;
- Tailte Portaigh;
- Láthair larrthóra de Spéis Gheolaíoch;
- Coillearnacha, Crainn agus Fál Sceacha;
- Páirceanna agus Gairdíní Oidhreachta;
- Uiscebhealaí Intíre agus Bogaigh;
- Treoir maidir le Creatlach Uisce ón Aontas Eorpach (2000/60/EC);
- Pleananna Ceantar Abhainn agus an Clár um Gníomhú Níotráití;
- Cosaint an Chósta & Bainistiú ar Chrios an Chósta, agus;
- Aguisín I den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach (inbhir, téileáin láibe na taoide, láib lus na gloine, móinéir salainn an tAtlantach, móinéir salainn na Meánmhara, dumhcha aistreacha shuthacha, dumhcha muiríneacha agus dumhcha seasta).



Déanfar measúnú ar fhorbairt tríd an Chontae, áit ina bhféadfadh cumas nó tionchar féideartha a bheith ar thréithe nádúrtha tábhachta an chontae, i gcoinne polasaithe agus cuspóirí an Chomhairle, coinnithe laistigh den phlean, agus sa chaibidil seo ach go háirithe, a dhéanann iarracht sócmhainní oidhreachta luachmhara mar seo a chosaint.

Tá oidhreacht shaibhir nádúrtha ag Contae na Mí, ina n-áirítear gleannta abhainn áille, talamh feirme rollach, gréasán de fál sceacha aibí, agus gnáthóga cósta éagsúla, iad ar fad faoi thionchar úsáid talún agus bainistíocht. Breathnaítear ar aithint tírdhreacha mar seo, chomh maith le feabhsú agus caomhnú ar an méid céanna, sa chaibidil seo, ach maidir le foirmiú polasaithe agus forfheidhmiú polasaithe féachtar ar Mheasúnú ar Charachtair Thírdhreacha an Chontae.

Faoin tAcht Oidhreachta, 1995, tá Oidhreacht Nádurtha déanta suas de phlandaí dúchasaigh, ainmhithe agus a gnáthóga, geolaíocht, tírdhreacha, muirdhreacha agus uiscebhealaí intíre.

Tá tábhacht níos mó ag baint le caomhnú an dúlra sa chuid dheireanach den 20ú aois ag comhtharlú le réadú méadaithe faoi leochaileacht an timpeallacht nádúrtha go forbairt mí-chuí agus iarmhairtí an damáiste don chomhshaol atá mar thoradh air. Tá gá le cur chuige inbhuanaithe chun an oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a chaomhnú.



Ina theannta sin agus mar aon leis an réadú go bhfuil leochaileacht ag baint leis an timpeallacht agus oidhreacht nádúrtha agus faoi réir damáiste buan agus neamh-inbhuanaithe trí fhorbairt mí-chuí, tá buntáistí socheachnamaíoch, turasóireachta agus conláiste atá bainteach le cosaint agus feabhsú an oidhreacht nádúrtha aitheanta anois.

Is í bithéagsúlacht éagsúlacht saoil, flóra, fána agus gnáthóga fiadhúlra. Leagann An Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta (2002) amach aidhmeanna do chaomhnú éagsúlacht bitheolaíoch na hÉireann agus bíonn ar Údarás Áitiúla Pleananna Gníomhaithe Bithéagsúlachta Áitiúla a ullmhú agus a chuir i bhfeidhm.

SPRIOC

Cinntiú go gcosnaítear tréithe do oidhreacht nádúrtha na Mí, go gcaomhnaítear bithéagsúlacht agus go bhfeabhsaítear í áit is féidir, go gcumhdaítear uiscebhealaí ó thruailliú, go gcothabháiltear agus go saibhrítear tírdhreacha, agus go n-éascaítear úsáidí turasóireachta agus áineasa i mbealach íogair.

POLASAÍ

POL OID 1

Cosaint, caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar bhithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha an Chontae ina n-áirítear fiadhúlra (flóra & fána), gnáthóga, tírdhreacha agus / nó tréithe tírdhreacha atá tábhachtach don fhiadhúlra nó aige bhfuil príomh-ról i gcaomhnú agus bainistiú acmhainní nádúrtha cosúil le uisce.

CUSPÓIR

CUS OID 1

Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta le haghaidh Contae na Mí a ullmhú agus a chuir i bhfeidhm, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Contae na Mí, geallsealbhóirí ábhartha agus an pobal.

8.2.2 Plean Oidhreachta



Príomh-chuspóir de chuid an Plean Oidhreachta Náisiúnta (2002) ná “oidhreacht a chuir ag croílár an saol poiblí”. Aithníonn an plean go bhfuil oidhreacht comhchoiteann agus go roinneann muid ar fad freagracht len í a chosaint. Caithfidh cosaint oidhreachta tosú ag leibhéal áitiúil ag ceadú do gach aon duine bheith páirteach go gníomhach i gcaomhnú agus feabhsú rud a bhaineann linn go léir.

POLASAÍ

POL OID 2	Oideachas, eolas agus uabhar in oidhreacht nádúrtha an chontae a chuir chun cinn.
-----------	---

CUSPÓIRÍ

CUS OID 2	Plean Oidhreachta Contae 5-Bliana a ullmhú agus a chuir i bhfeidhm i gcomhar le Fóram Oidhreachta Contae na Mí, geallsealbhoirí ábhartha agus an pobal, a leagfaidh amach réimse gníomhachtaí chun oidhreacht Contae na Mí a aithint, a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú agus a léirmhíniú.
CUS OID 3	Pleananna agus tionscadail a aithneofar i bPlean Oidhreachta na Mí a thógáil san áireamh agus a chuir i bhfeidhm.

8.2.3 Limistéir Ainmnithe

Ina ról mar Údarás Pleanála, tá Comhairle Contae na Mí mar cheann de na príomh-ghníomhaireachtaí freagracht le haghaidh caomhnú an timpeallacht nádúrtha. Éilítear in Alt 10 den tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) go n-áireofaí cuspóirí bainteach le caomhnú agus cosaint an comhshaoil i bPlean Forbartha, ina n-áirítear, ach go háirithe, an oidhreacht nádúrtha agus caomhnú suímh Eorpacha agus aon suímh eile, a d'fhéadfaí a leagadh síos. Tá na gnáthóga atá níos tábhachtaí agus níos uathúla faoi réir ainmniúcháin náisiúnta agus ón Aontas Eorpaigh mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) nó (pNHAanna) eisigh nó beartaithe, Limistéir Speisialta um Chaomhnú (cSACanna) larrthóra agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna). Sa bhreis ar na limistéir sin arna bhfuil tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint leo, tá réimse gnáthóga nádúrtha agus breac-nádúrtha ina n-áirítear suímh éagsúla atá spéisiúil go geolaíoch agus go geomoirfeolaíoch a dhéanfaidh an Chomhairle iarracht a chosaint ó dhroch-thionchair ó fhorbairt.



Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha) 1997 (S.I. 94/97), caithfidh Údarás Áitiúla cinntiú go nglactar measúnú oiriúnach ar thionchair na mbeart ar shuímh caomhnaithe ainmnithe maidir le forbairtí a bhfuil gá acu le cead pleanála. Baineann sé seo le gach beart forbartha, is cuma faoin suíomh, atá dealraitheach tionchar a bheith acu ar na suímh seo.

POLASAÍ

POL OID 3	Éileamh go mbeadh measúnú ar éifeacht éiceolaíochta mar thionlacan ar aon iarratas pleanála a mholann forbairt laistigh de nó in aice le ceantair atá ainmnithe cSAC, SPA nó NHA, pNHA léirithe ar Léarscáil 8.3, ag déanamh measúnú ar thionchar an mholadh ar na limistéir seo a bhfuil ainmnithe caomhnaithe orthu. Cuirfear ar aghaidh an Measúnú ar Éifeacht Éiceolaíochta go dtí Roinn na bPáirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra sa Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh a nótaí tráchtacha sula ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála a chinneadh.
-----------	---

8.2.4 Limistéir Oidhreacht Nádúrtha

Cuimsíonn Limistéir Oidhreacht Nádúrtha (NHAanna) gnáthóga atá tábhachtach go náisiúnta, leathnádúrtha agus nádúrtha, tírghnéithe agus tréithe geomoirfeolaíochta, speicis de phlandaí agus ainmhithe fhiáine nó éagsúlacht sna tréithe nádúrtha seo. Tá sé tábhachtach go ndéantar cothabháil ar luach caomhnaithe na ceantair seo, a mholann an RCORÁ ó am go chéile.

POLASAITHE

POL OID 4	Atreorú a dhéanamh ar aon iarratas ar fhorbairt a théann go dtí Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ áit a bhfuil seans ann go mbeadh tionchar ag an fhorbairt mholta ar Limistéir Oidhreacht Nádúrtha beartaithe nó ainmnithe.
POL OID 5	Cead a thabhairt do fhorbairt ar NHA ainmnithe nó dóibh sin a beartaíodh a ainmniú thar tréimhse an phlean seo, sa chás go gcomhlíontar measúnú chun sásamh an tÚdarás Pleanála agus Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ amháin, a léiríonn nach mbeadh aon droch-thionchar suntasach (cosúil le corraíl, truailliú nó dearóiliú i gcaighdeán na gnáthóga) ar an gceantar cosanta.
POL OID 6	Tacaíocht a thabhairt agus comhoibriú le húdaráis reachtúla agus údaráis eile le tacú le bearta a tógadh chun NHAanna beartaithe nó ainmnithe a bhainistiú chun cuspóirí caomhnaithe a bhaint amach.
POL OID 7	Cur chun cinn a dhéanamh ar cheantair le haghaidh forbairt oiriúnach, le haghaidh cuspóirí áineasa nó oideachais, nach mbeadh i gcoimhlint le caomhnú na suímh seo ina stáid nádúrtha.

8.2.5 Limistéar Speisialta um Chaomhnú Iarrthóra

Is ceantair a bhfuil tábhacht speisialta ag baint leo na Limistéir Speisialta um Chaomhnú (cSAC) Iarrthóra ó thaobh fiadhúlra agus speicis agus le chéile le Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) déanann siad suas cuid de ranníocaíocht na hÉirinn go gréasán Natura an AE 2000. Is gréasán AE é Natura 2000 le suímh atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de a bhfuil ar Bhallstáit a bhunú faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpaigh (92/43/LEE). Tugann na liostaí Treoir tosaíocht do ghnáthóga agus speicis a chaithfear a chaomhnú. Faoin Treoir maidir le Gnáthóga, caithfidh gach Ball den AE cSACanna a ainmniú, toisc go dtugann siad tacaíocht do ghnáthóga agus speicis plandaí agus ainmhithe atá annamh nó faoi bhagairt san Eoraip agus a bhfuil bearta cinnte uatha ina n-áirítear dearadh suímh cosanta chun iad a chaomhnú. Fad is atá cSACanna cosanta go hiomlán faoin Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpaigh, déanann an téarma 'iarrthóir' tagairt don bhfíric go bhfuil na suímh seo faoi bhreithniú ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair.

POLASAITHE

POL OID 8	Cothabháil agus feabhsú a dhéanamh áit is féidir ar luach caomhnaithe na cSACanna, mar atá aitheanta ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, agus aon suímh eile a d'fhéadfaí a mholadh le haghaidh ainmniú i rith saolré an Phlean seo.
-----------	---

POL OID 9	Aire a thabhairt ar dhearcadh agus treorú Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ maidir leis an fhorbairt bheartaithe áit a bhfuil seans ann go mbeadh tionchar ag an fhorbairt mholta ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe nó ainmnithe.
POL OID 10	Cead a thabhairt do fhorbairt ar SAC ainmnithe nó dóibh sin a beartaíodh a ainmniú thar tréimhse an phlean seo, sa chás go gcomhlíontar measúnú chun sásamh an tÚdarás Pleanála agus Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ amháin, a léiríonn nach mbeadh aon droch-thionchar suntasach (cosúil le corraíl, truailliú nó dearóiliú i gcaighdeán na gnáthóga) ar an gceantar cosanta.
POL OID 11	Cosca chuir ar aon fhorbairt a bheadh díobhálach nó a chúiseodh dearóiliú suntasach i ngnáthóga agus / nó corraíl ar speicis.

8.2.6 Limistéir faoi Chosaint Speisialta

Tá Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) ina gceantair a bhfuil tábhacht Eorpach ag baint leo, ainmnithe sa Treoir maidir le hÉin (79/409/LEE) mar gheall ar speicis éin agus daonraí a thacaíonn siad. Faoi Treoir maidir le hÉin, caithfidh gach Ballstát den AE SPAanna a ainmniú do cheantair nádúrtha a thugann tacaíocht do dhaonraí de speicis éin áirithe atá annamh nó faoi bhagairt in Eoraip agus a bhfuil gá acu le bearta ar leith, ina n-áirítear ainmniú limistéir cosanta len iad a chaomhnú. Tá gach SPA ina Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (pNHAanna) beartaithe / ainmnithe chomh maith.



POLASAITHE

POL OID 12	Aire a thabhairt ar dhearcadh agus treorú Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ maidir leis an fhorbairt bheartaithe áit a bhfuil seans ann go mbeadh tionchar ag an fhorbairt mholta ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe nó ainmnithe.
POL OID 13	Cead a thabhairt do fhorbairt ar SPAanna ainmnithe nó dóibh sin a beartaíodh a ainmniú thar tréimhse an phlean seo, sa chás go gcomhlíontar measúnú chun sásamh an tÚdarás Pleanála agus Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ amháin, a léiríonn nach mbeadh aon droch-thionchar suntasach (cosúil le corraíl, truailliú nó dearóiliú i gcaighdeán na gnáthóga) ar an gceantar cosanta.

8.2.7 Gnáthóga agus Speicis Lasmuigh de Shuímh Ainmnithe

Admhaíonn an tÚdarás Pleanála go bhfuil sé tábhachtach carachtar agus caighdeán an timpeallacht uirbeach agus tuaithe a chothabháil agus a fheabhsú ina iomlán toisc nach bhfuil oidhreacht fhiadhúlra teoranta go suímh ainmnithe reachtúla, ach go bhfuil siad le fáil tríd an tuath ar fad agus i gceantair comhthógtha. Níl cosaint ceantair leo féin le beagán aire ar chaomhnú sa tuath leathan oiriúnach nó éifeachtúil. Ba cheart go mbeadh meas ag gach beart forbartha ar cheantair gnáthóga agus

bealaí fhiadhúlra shuntasacha chun flóra agus fána a chosaint agus a gnáthóga a chaomhnú agus a fheabhsú. Is trí chaomhnú creatlach éiceolaíochta cosúil le fál sceacha agus bealaí bhrúachánacha ar féidir linn gréasán suímh a fhorbairt. Ceadáíonn siad seo imirce agus malartú idir speicis idir na limistéir caomhnaithe. Chuige sin, agus d'fhonn comhleanúnachas éiceolaíochta an ghréasáin Natura 2000 a fheabhsú, spreagfaidh an tÚdarás Pleanála bainistiú ar thréithe na tírdhreacha atá an-tábhachtach le haghaidh fána agus flóra fiáin. Tá thréithe mar seo, de bhua a struchtúir líneacha agus leanúnacha (cosúil le abhainn lena bruacha nó na córais traidisiúnta le haghaidh teorainn goirte a mharcáil) nó an fheidhm atá acu mar chlocha córa (cosúil le locháin nó coillte beaga), riachtanach do imirce, scaipeadh agus malartú géiniteach na speicis fiáine. Is féidir le soláthar Críosanna Uaine idir ceantair uirbeacha comhthógtha ról suntasach a bheith aige chomh maith laistigh den ngréasán éiceolaíochta seo.

POLASAITHE

POL OID 14	Aithint nach bhfuil caomhnú an nádúir teoranta go suímh ainmnithe amháin agus admháil go gcaithfear gnáthóga agus tírdhreacha neamh-ainmnithe a chosaint chomh maith agus éagsúlacht bitheolaíoch an Chontae a chaomhnú. Áirítear cineálacha éagsúla gnáthóga ina n-áirítear locha, abhainn, sruthanna, coillearnacha, crainn, fál sceacha, ballaí clocha, líne an chósta, inbhir agus fiadhúlra atá gaolmhar, in oidhreacht nádúrtha an Chontae.
POL OID 15	Caomhnú, cosaint agus feabhsú áit is féidir a dhéanamh ar ghnáthóga fiadhúlra cosúil le abhainn, sruthanna, canálacha, locha, agus bogaigh atá gaolta ina n-áirítear leapacha giolcacha agus seasainn, linn, fuarain, portaigh, eanaigh, crainn, coillearnacha agus scrobarnaí, fál sceacha agus cineálacha teorainn eile cosúil le ballaí clocha agus díoga atá taobh amuigh de limistéir ainmnithe a sholáthraíonn gréasán gnáthóga agus bealaí atá riachtanach ionas gur féidir le fiadhúlra teacht i dtreis.

8.2.8 Speicis Chosanta

Tá speicis plandaí, ainmhithe agus éin áirithe cosanta de réir dlí. Áirítear anseo speicis plandaí liostaithe san Ord um Cosaint Flóra, 1999 (nó Oird cosúla eile) agus ainmhithe agus éin liostaithe san Acht um Fiadhúlra, 1976 & 2000 agus ionstraimí reachtúla ina dhiaidh sin, iad sin liostaithe in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga, agus iad sin atá liostaithe faoin Treoir maidir le hÉin. Ba cheart go ndéanfaidh an próiseas pleanála iarracht cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar speicis atá cosanta de réir an dlí agus a cuid gnáthóga. Go h-an mhinic is féidir é seo a dhéanamh trí droch-thionchair a íoslaghdú - mar shampla, trí éileamh go dtarlaíonn forbairt taobh amuigh de shéasúr an ghoir. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach iarracht a dhéanamh cinntiú go maireann baill aonair do speicis trí fharáí comhroghnacha a chuir ar fáil i gcás ialtóga, mar shampla. D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach chomh maith iarracht a dhéanamh ceanta(i)r comhroghnach(a) le haghaidh gnáthóga a chuir ar fáil.

POLASAITHE

POL OID 16	Cinntiú nach mbeadh droch-thionchar suntasach ag forbairt, éagumasach ar mhaolú sásúil, ar speicis plandaí, ainmhithe nó éin atá cosanta de réir an dlí.
POL OID 17	Dul i gcomhairle le Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ, agus aird a thabhairt ar aon riachtanais ceadúnaithe nuair atá tiomnú, formheas nó ceadú forbartha ar siúl a d'fhéadfadh éifeacht a bheith aige ar speicis plandaí, ainmhithe nó éin atá cosanta de réir an dlí.

8.2.9 Tailte Portaigh


Seasann Contae na Mí do theorann thoir na bportaigh ardaithe in Éirinn agus aithníonn an Chomhairle tábhacht na bportaigh ardaithe mar phromh-acmhainn nádúrtha agus seandálaíochta. Déanfaidh an Chomhairle cur chun cinn ar pholasaí a lorgóidh caomhnú ar shampla ionadaíoch de thailte portaigh agus cosaint ar ghnáthóga i dtailte portaigh. Aithníonn an Chomhairle an chumas atá ann le haghaidh úsáid limistéir cosanta i gcomhair cuspóirí turasóireachta, conláiste, oideachais agus taighde. Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil le eagraíochtaí rialtais agus neamh-rialtas éagsúla atá páirteach in iarracht caomhnú na limistéir tailte portaigh a dhaingniú.

POLASAI

POL OID 18	Cinntiú go gcaomhnaítear agus go mbainistítear limistéir tailte portaigh atá ainmnithe (nó beartaithe le ainmniú) mar NHAanna nó SACanna i mbealach atá oiriúnach chun a thábhacht éiceolaíochta, seandálaíochta, cultúrtha agus oideachais a chaomhnú.
------------	---

8.2.10 Suímh Spéise Gheolaíoch

Níor chlúdaigh ainmniúcháin ar chaomhnú an nádúir eisigh suímh spéise gheolaíoch go cuimsitheach fós. Tá an RCORÁ agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ag tarraingt suas liosta faoi láthair de na suímh spéise gheolaíoch a bheartófar mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna).



POLASAITHE

POL OID 19	Sa bhreis ar ainmniúchán suímh spéise gheolaíoch agus geomoirfeolaíoch laistigh den Chontae, is é polasaí an Chomhairle cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar shuímh mar seo ó fhorbairt mí-oiriúnach a thógadh uaigh a luach agus a léirmhíniú oidhreachta.
POL OID 20	Cinntiú in áiteanna ina gceadaítear forbairt, go n-íoslaghdaítear a tionchar ar shuímh spéise gheolaíoch agus geomoirfeolaíoch a ainmneofar sa todhchaí trí choinníollacha oiriúnacha agus críos maolánach a choinneáil.

POL OID 21	Ceadanna pleanála ábhartha a éileamh a thugann aire do Threoracha EIS Institiúid Geolaíoch na hÉireann.
POL OID 22	Dul i gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann sula dtagann bearta isteach áit a mheastar go bhfuil sé sin oiriúnach.

Critéir le haghaidh Measúnú Forbairt

Cuirfear san áireamh an méid seo a leanas i measúnú iarratais do chairéil nó síneadh nua go cairéil eisigh:

- Tionchar an fhorbairt molta ar chaighdeán na tírdhreacha, ach go háirithe ar thírdhreacha íogair agus radhairc cosanta;
- Tionchar an fhorbairt molta ar an oidhreacht sheandálaíochta agus ailtireachta;
- Tionchar an fhorbairt molta ar NHAanna & pNHAanna agus cSACanna;
- Oiriúnacht an chreatlach bhóithre áitiúil agus an tionchar méadaithe ar thrácht agus sábháilteacht bóthar;
- Tionchar ar áiseanna na cónaitheoirí mórthimpeall;
- Éileamh go dtógfar an fhorbairt i gcéimeanna agus go n-athbhunófar gach céim sula bhforbrófar / dtosófar an chéad céim eile, agus;
- Cuirfidh iarratasóirí isteach clár athchóirithe lena n-iarratas ar mhodh agus tráthúlacht an athchóirithe.

8.2.11 Fál Sceacha

Aithníonn Comhairle Contae na Mí tábhacht oidhreachta agus conláiste acmhainn fál sceacha na contae. Soláthraíonn fál sceacha bealaí éiceolaíochta luachmhara do fhiadhúlra. Beidh toimhde ann i gcoinne baint fál sceacha suntasacha i rith cúrsa na forbairtí.

POLASAITHE

POL OID 23	Gréasáin éiceolaíochta a chosaint agus a chaomhnú agus caillteanas agus scoilteadh ar bhealaí éiceolaíochta a sheachaint áit is féidir.
POL OID 24	Cosaint agus caomhnú fál sceacha eisigh a chuir ar aghaidh agus plandú ar speicis fál sceacha dúchasacha ó fhoinsé áitiúil a spreagadh.
POL OID 25	Cur chun cinn dhéanamh ar choinneáil fál sceacha, áit is féidir, agus cóireálacha teorainn leithleacha eile i gceantair tuaithe. Áitnach féidir baint fál sceach, balla cloch nó cóireálacha teorainn leithleacha eile a sheachaint, éileofar an saghas céanna teorainn leis an fad céanna a chuir ar ais isteach sa suíomh. Baineann sé seo le Feabhais agus Athailínithe Bóthar chomh maith a chomhlíon na hÚdaráis Áitiúla nó gníomhairí eile thar a gcinn.

POL OID 26	Srian a chuir ar ghearradh fála i rith séasúr neadaithe na n-éan (1ú Márta go 31ú Lúnasa), seachas i gcásanna áirithe sainmhínithe go dlíthiúil, faoi réir forálacha an tAcht (leasú) um Fhiadhúlra 2000.
POL OID 27	Tábhacht seandálaíochta teorainn bailte fearainn a aithint ina n-áirítear fál sceacha agus cur chun cinn a dhéanamh ar iad a choinneáil agus a chosaint.
POL OID 28	Bainistíocht comhshaoil íogair ar fhál sceacha a chur chun cinn sa chontae de réir treoirlínte dea-chleachtais atá eisithe ag Teagasc agus an Chomhairle Oidhreacht.

8.2.12 Coillearnacha agus Crainn

Cuireann coillearnacha agus crainn go mór le tírdhreach agus áilleacht aeistéitiúil na Mí. (Déan tagairt to Rannóg 6.5 Caomhnú na gCrann maidir le seo le do thoil é)

POLASAITHE

POL OID 29	Iarracht a dhéanamh conláistí oidhreacht nádúrtha an chontae a chothabháil agus a fheabhsú trí chaomhnú agus feabhsaithe a dhéanamh ar choillearnacha dúchasacha agus leath-nádúrtha, grúpaí crainn agus crainn aonair.
POL OID 30	Speicis dúchasacha a úsáid áit is féidir in obair tírdhreacha Comhairle Contae na Mí féin agus ar thalamh an Chomhairle.
POL OID 31	Dímholadh a dhéanamh ar leagann crainn lánaibí chun forbairt a éascú agus crannliacht a spreagadh seachas leagan crann áit is féidir.
POL OID 32	An Scéim na Coille Seo Againne a chur chun cinn agus tionscnaimh eile a bhfuil sé mar aidhm acu coillearnacha a fheabhsú le haghaidh buntáistí áineasa agus fiadhúlra i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla.

CUSPÓIRÍ

CUS OID 4	Leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Coiste Stiúrtha Coill Bhaile na Rátha chun Coill Bhaile na Rátha a fhorbairt agus a fheabhsú faoi choimirce Scéim na Coille Seo Againne.
CUS OID 5	Suirbhéireacht crann ar an Chontae a chomhlíonadh ina n-áirítear iad siúd atá aitheanta i gClár Crann na hÉireann ag Comhairle Crann na hÉireann mar Chrainn Seasta i gContae na Mí, agus áit is cuí bearta a mholadh le haghaidh a gcosaint.

8.2.13 Páirceanna agus Gairdíní Oidhreacht

Aithníonn an tÚdarás Pleanála an tírdhreach agus tábhacht stairiúil gairdíní traidisiúnta agus stairiúla, diméinte agus páirceanna laistigh den Mhí agus go bhfuil siad mar shuíomh tábhachtach go minic do Struchtúr Cosanta.

POLASAITHE

POL OID 33	Dímholadh a dhéanamh ar fhorbairt a chúiseadh cailleadh nó damáiste do charachtar, príomh-chomhpháirteanna, nó suíomh páirceanna, gairdíní, diméinte a bhfuil spéis stairiúil speisialta ag baint leo.
POL OID 34	Comhoibriú leis an RCORÁ agus páirtithe leasmhara eile chun cosaint, cothú agus feabhsú gairdíní oidhreacht agus páirceanna sa chontae a éascú agus tacaíocht a thabhairt do fheasacht an phobail, aoibhneas agus rochtain ar na suímh seo.

8.2.14 Réada Oidhreacht

Sainmhíníonn an tAcht Oidhreacht, 1995, réada oidhreacht mar "objects over 25 years old which are works of art or of industry (including books, documents and other records, including genealogical records) of cultural importance".

POLASAÍ

POL OID 35	Cosaint réada oidhreacht agus a suímh a chinntiú mar is cuí.
------------	--

8.2.15 Turasóireacht Tuaithe

Is é polasaí Comhairle Contae na Mí ná turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn i mbealach a dhéanann cothabháil ar chaighdeán an tírdhreach tuaithe agus bailedhreacha tuaithe, caighdeán bealaí uisce nádúrtha agus saorga, carachtar áille an chontae, agus oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta an chontae.

POLASAÍ

POL OID 36	Forbairt tionscail na turasóireachta a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú trí mhodhanna inbhuanaithe, ina n-áirítear caomhnú, cosaint agus feabhsú ar an oidhreacht tógtha agus nádúrtha, agus cosaint tírdhreacha íogair, comhshaoil cultúrtha agus pobail chun buntáistí eacnamaíoch a thagann ón tionscail a uasmhéadú.
------------	--

8.2.16 Ceart Slí Poiblí

Úsáidfidh an Chomhairle a cuid cumhachta faoin na hAchtanna Phleanála chun cearta slí eisigh a chaomhnú agus a choinneáil, cinn nua a chruthú áit is cuí agus tuilleadh úsáid le haghaidh ceantair conláiste a chur chun cinn.



POLASAITHE

POL OID 37	Caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar na cearta slí poiblí ar fad a chuireann le conláiste ar son an leas coiteann.
------------	--

POL OID 38	Cearta slí nua a chruthú nó síneadh / feabhas a dhéanamh ar chearta slí eisigh ar son conláiste.
------------	--

CUSPÓIR

CUS OID 6	Beidh an tÚdarás Pleanála i dteagmháil le comhlachtaí seachtracha chun acmhainní inmheánacha agus seachtracha a lorg chun liosta de chearta slí poiblí a chríochnú laistigh de dhá bhliain de ghlacadh leis an bplean seo. Beidh mion-léarscáiliú i dteannta an liosta seo a thaispeánfaidh cearta slí poiblí agus cuirfear comharthaíocht oiriúnach in áit.
-----------	--

8.2.17 Uiscebhealaí Intíre agus Bogaigh

Tá sínte suntasacha de uiscebhealaí oibríochtúil agus tréigthe ina n-áirítear sínte de na hUiscebhealaí Canála Ríoga agus Bóinne i gContae na Mí. Tá na huiscebhealaí inseolta agus neamh-inseolta araon an-tábhachtach, mar acmhainn conláiste agus mar ghnáthóg fhiadhúlra chomh maith. Tá na huiscebhealaí seo ina bpasáistí fhiadhúlra toisc go gcuireann siad dídean éiceolaíoch uathúil ar fáil do alán speicis atá faoi bhagairt mar gheall ar mhodhanna feirmeoireachta nua-aimseartha agus úsáidí talaimh difriúla. Luíonn fíorluach éiceolaíochta na canálacha in éagsúlacht na speicis a thacaíonn siad tríd a ghnáthóga líneacha, áfach, níos mó ná láithreach na speicis atá faoi bhagairt.



Bunaíonn an Treoir maidir le Creatlach Uisce ón Aontas Eorpach (2000/60/EC) creatlach le haghaidh gníomh chun polasaí uisce inbhuanaithe a bhaint amach. Clúdaíonn an Treoir gach uisce pobail, ina n-áirítear uisce dhromchla (m.sh. abhainn agus locha), uisce thrasdultacha agus screamhuiscí. Príomh-chuspóir de chuid an Treoir is ea cinntiú nach dtarlaíonn aon dearóiliú maidir le stádas eisigh uisce agus go mbainfear amach 'stádas maith' ar a laghad le haghaidh gach uisce faoi 2015.

Cuireann An Plean Bithéagsúlachta Náisiúnta cur chuige abhantrach chuig caomhnú agus feabhsú ar chaighdeán agus bainistíocht uisce chun cinn atá i gcomhréir le riachtanais an Treoir maidir le Creatlach Uisce (WFD). Tá caighdeán an uisce riachtanach le haghaidh sláinte an comhshaoil uisceach intíre, chomh maith le éifeacht a bheith aige ar chuirteoirí agus úsáideoirí. Ba cheart stádas uisce ar chaighdeán maith mó an-mhaith, agus gnáthóga uisceacha agus domhanda, mar atá léirithe sa WFD agus sa Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta, a bhaint amach le tacaíocht na Pleananna Ceantar Abhainn agus an Clár um Gníomhú Níotráit atá le teacht.

POLASAITHE

POL OID 39	Pasáistí abhainn agus sruthanna agus gleannta a chosaint trí thailte in aice lena bainc a chur in áireamh le haghaidh pasáistí éiceolaíochta agus iad a choimeád saor ó fhorbairtí mí-oiriúnacha, agus lintéireacht nó athailíniú a dhímholadh.
POL OID 40	Cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar an oidhreacht tógtha, nádúrtha agus ar chumas áineasa na hUiscebhealaí Canála Ríoga agus Bóinne.
POL OID 41	Rochtain agus tuiscint ar na hUiscebhealaí Canála Ríoga agus Bóinne a spreagadh agus a chur chun cinn.
POL OID 42	Cinntiú go gcoimeádtar tuilemhánna agus bogaigh na Contae mar gheall ar a luachanna bithéagsúlachta agus cosaint ó thuille.
POL OID 43	Cruthú, forbairt agus cothabháil ar phasáistí éiceolaíochta, clocha córa, droichid uaine, íosbhealaí ainmhithe, éicea-dhuchtanna agus lintéir a spreagadh, áit is cuí.
POL OID 44	Cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar oidhreacht amhairc, áineasa, oidhreacht nádúrtha (flóra, fána, bithéagsúlacht) agus luach conláiste speisialta uiscebhealaí loingseoireachta agus neamh-loingseoireachta laistigh den Chontae, a cosáin tarraingthe agus bogaigh atá in aice leo.
POL OID 45	Dul i gcomhairle le Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir agus Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an RCORÁ roimh aon obair nó fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar abhainn, sruthanna agus sruthchúrsaí a ghabh de láimh, a fhorhmeas nó a cheadú.
POL OID 46	Éileamh nach mbeadh dearóiliú i gcaighdeán sruthchúrsaí le sruth nó gnáthóga mar thoradh ar rith ó cheantar forbartha.

8.2.18 An Cósta

Tá tábhacht mór ag crios cósta Chontae na Mí don chontae, le acmhainní tábhachtacha a sholáthraíonn buntáistí eacnamaíocha, áineasa, áilleachta agus caomhnaithe. Tá líne cósta Contae na Mí rangaithe mar chósta bog agus síneann sé thart ar 10 chiliméadar idir Inbhear na Bóinne ó thuaidh agus Abhainn na hAilbhine ó dheas. Tá líne an chósta mar bhaile le haghaidh alán gnáthóga nádúrtha éagsúla agus tá líon beag speicis flóra agus fána léirithe in ainmniúcháin cSAC, pNHA agus SPA a chlúdaíonn anchuid de líne an chósta. Tá luach caomhnaithe suntasach ag cSAC Cósta agus Inbhear na Bóinne mar choimpléasc a thugann tacaíocht do shamplaí maithe de ocht ghnáthóg atá liostaithe in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach (inbhir, téileáin láibe na taoide, láib lus na gloine, móinéir salainn an tAtlantach, móinéir salainn na Meánmhara, dumhcha aistreacha shuthacha, dumhcha muiríneacha agus dumhcha seasta) agus do na daonraí éin tábhachtacha a thacaíonn sé.

Cé go bhfuil luach maith ag líne an chósta ó thaobh luach intreach agus conláiste speisialta agus áineas speisiata de, is acmhainn críochna í chomh maith agus caithfear pleanáil agus a bainistiú ceart a dhéanamh chun cinntiú go gcoinneofar a luach don todhchaí. Is féidir go gcuirfear isteach go mór ar na héiceachórais dhumhcha íogair agus iad faoi réir rochtain neamh-bhainistithe agus is féidir go mbraithfidís damáiste fásra dian le creimeadh ithir agus dríodair ina dhiaidh in alán cásanna. D'fhéadfadh dearóiliú tromchúiseach fásra agus rioscaí tuile mhéadaithe go seasmhacht na córais dhumhcha a bheith mar thoradh ar bhrú breisitheach feithiclí, coisithe agus capaill. D'fhéadfadh athruithe struchtúrtha agus éiceolaíochta ar na córais dhumhcha, a d'fhéadfadh luach na gnáthóga a laghdú nó a scriosadh, a bheith mar thoradh ar chothabháil bréige féaraigh le haghaidh cúrsaí gailf. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí daonna iomarcacha i gceantair cósta éin farraige a eisiáimh ó cheantair móra dá gnáthóga nádúrtha ag séanadh deiseanna beatha dóibh.



Cosúil leis na haigéin a chruthaíonn iad, tá cóstaí mar thimpeallachtaí dinimiciúil a théann trí athruithe leanúnacha. Tá próisis nádúrtha domhanda, ardú i leibhéal na farraige, feiniméin tonnta agus aimsir éagsúla ach go háirithe, tar éis creimeadh, breisiú agus athchruthú cóstaí chomh maith le ardú i ndéine agus athfhillleadh tuille ar an gcósta a chúisiú. Is é an toradh atá ar seo ná gá níos mó le haghaidh teicnícíochtaí difriúla bainistiú cósta nó cosaint cósta. Titeann siad seo isteach i dhá phríomh-chatagóir, innealtóireacht 'chrua' agus 'bhog'. Is í innealtóireacht chrua an fhreagairt thraidisiúnta innealtóireachta ar chreimeadh agus áiríonn sí tógadh struchtúir nach ligeann d'fhuinneamh na dtionnta an chósta a shroicheadh, nó go n-ionsúnn agus go bhfrithchaitheann siad an fhuinneamh. Áirítear gaibíúin agus ballaí choinneála ingearaigh mar shamplaí de teicnícíochtaí garbh-innealtóireachta thar Cósta Oirthear na Mí. Thaispeáin staidéir ar dhumhcha na Mí gur chúisigh balla srianta Abhainn na Bóinne (a tógadh go luath sna 1970í) bailiú gainimh agus feabhsú ar fhorbairt dhumhcha ag taobh Bhaile Uí Mhornáin agus laghdú i bhfás dhumhcha timpeall ar Bhaile an Bhiataigh agus An Inse. Tá bogadh an ghainimh ón deisceart ó thuaidh ag cúisiú baint gainimh ón trá in aice leis An Inse agus Baile an Bhiataigh agus mar sin tá gairbhéil spréite á mionléiriú. Is féidir le cosaintí cósta cruacha a bheith costasach agus mímhaiseach agus is féidir leo creimeadh méadaithe a chúisiú ag suímh eile. Is mar gheall ar seo atá teicnícíochtaí bith-innealtóireachta tar éis éirí níos coitianta. Áireofar sna teicnícíochtaí seo córais nádúrtha a chur chun cinn cosúil le dhumhcha agus riasca goirt a chosnaíonn an chósta, agus atá níos saoire a thógadh agus a chothabháil ná teicnícíochtaí garbh-innealtóireachta go minic, agus d'fhéadfaidís a bheith féinchothabhálach.

POLASAITHE

POL OID 47	Cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar charachtar oidhreacht nádúrtha agus tírdhreach an chósta.
POL OID 48	Úsáid an chósta agus bruacha abhainn mar cheantair fóillíochta a chur chun cinn chun cumas an chósta agus bruacha abhainn mar cheantair chonláiste atá úsáidte go gníomhach a fheabhsú agus cinntiú go bhfuil rochtain phoiblí oiriúnach go dtí an chósta le solátharsíúláin cósta san áireamh.

POL OID 49	Obair a dhéanamh chun tránna agus ceantair cósta a chosaint ó mhótarfheithiclí ar son iomláine comhshaoil, caighdeán an chonláiste agus ar son sábháilteacht phoiblí.
POL OID 50	Cinntiú nach gcuirfear cosaintí cósta nádúrtha an Chontae, cosúil le tránna, dumhcha, riasca goirt, agus tailte inbhear, i gcontúirt trí oibreacha nó forbairtí mí-oiriúnacha.
POL OID 51	Cinntiú go ndéanfar cosaint agus feabhsú ar bhogaigh agus tuilemhánna an chósta, cosúil le réileáin láibe, riasca goirt agus féaraigh fhliucha.
POL OID 52	Cothabháil go caighdeán ard a dhéanamh ar thránna Chósta Thoir an chontae agus forbairt a dhéanamh i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha ar a gcumas áineasa mar chonláiste cois farraige, chun iad a thabhairt go caighdeán Brat Gorm.

8.2.19 Bainistiú ar Chrios an Chósta



Síneann Crios an Chósta chun farraige agus i dtír araon ó líne an chósta agus tá a theorainneacha dearbhaithe trí mhéid tíreolaíoch próisis nádúrtha an chósta agus gníomhachtaí daonna atá bainteach leis an gcósta. An tslí is fearr le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i gceantair cósta ná trí phróiseas Bainistiú ar Chrios an Chósta (CZM). Is é atá i gceist le CZM ná bainistiú ar ghníomhachtaí daonna agus próisis nádúrtha i gceantair an chósta agus an aidhm atá ann ná cur chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn i dtaobh pleanáil agus bainistíocht i gcrios an chósta a áiríonn gach geallsealbhóir.

POLASAITHE

POL OID 54	Comhoibriú leis an Rannóg um Bainistiú ar Chrios an Chósta sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, mar is gá, in ullmhú cleachtadh stocála náisiúnta agus in ullmhú agus forfheidhmiú Straitéis um Bainistiú ar Chrios an Chósta náisiúnta.
POL OID 55	Tacaíocht a thabhairt do fhorbairt tionscnaimh le haghaidh Bainistiú ar Chrios an Chósta Comhtháite sa Mhí i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla pobail agus comhshaoil, eagraíochtaí úsáideora agus údaráis reachtúla.

8.3 OIDHREACT TÓGTHA

8.3.1 Réamhrá / Comhthéacs

Tá saibhreas maith oidhreacht tógtha i gContae na Mí, ó chaisleáin go teachíní, ina n-áirítear tuamaí phasáiste mhóra Brú na Bóinne agus Loch Craobh, bailte agus sráidbhailte phleanáilte cosúil le Baile Shláine agus Maigh nEalta, tithe móra, áitribh feirme, lonnaíochtaí mainistreacha, séipéil, muilte, canálacha agus iarnróid. Laistigh d'éagsúlacht mhór na saghsanna foirgnimh agus úsáide seo tá struchtúir le hoidhreacht ailtireachta shuntasach agus carachtar leithleach a mheastar ar fiú a chosaint.

Leagann an rannóg seo amach polasaithe agus moltaí Comhairle Contae na Mí i dtaobh cosaint, caomhnú agus feabhsú ar thimpeallacht tógtha na Mí. Déanann Oidhreacht Tógtha tagairt do gach tréith tógtha sa timpeallacht ina n-áirítear foirgnimh agus struchtúir eile cosúil le droichid, tobair, pumpaí, láithreáin seandálaíochta agus ballaí le haghaidh teorainneacha goirt.



Léiríonn na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (2004 - 2016) gur cheart do na hÚdaráis Pleanála dul i gcúram ar pholasaithe atá i gcomhréir le cuspóirí éigeantacha san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus reachtaíocht ábhartha eile, chun oidhreacht tógtha a gceantair féin a chosaint.

Béimníonn na RPGanna gur cheart do na hÚdaráis Pleanála:

- Dul i gcúram ar pholasaithe a chosnóidh agus a fheabhsóidh carachtar ailtireachta agus suímh tírdhreacha na lonnaíochtaí ina gceantar;
- Breathnú ar cheantair chun carachtar agus caighdeán bailedhreacha a aithint agus creatlacha dearaidh uirbeacha a fhorbairt do na ceantair seo;
- Athghiniúint a dhaingniú do na ceantair uirbeacha stairiúla de réir creatlacha dearaidh uirbeacha comhaontaithe;
- Caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar gach suíomh seandálaíochta agus séadchomhartha cosanta, struchtúir chosanta, limistéir chaomhnaithe, agus a dtimpeallachtaí go pointe cuí don ghá atá ann a gcuid iomláine stairiúla a chosaint, agus;
- Cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar oidhreacht seandálaíochta agus a athúsáid chomhbhraiteach agus / nó a forbairt a spreagadh.

Tháinig caomhnú ar oidhreacht tógtha chun cinn mar cheist shuntasach i rith an pas comhairliúcháin réamh-dréachta in ullmhú Plean Forbartha an Chontae. Bhí líon mhaith iarratais ó bhaill den phobail ghinearálta chomh maith leo sin a fuarthas ó eagraíochtaí reachtúla cosúil leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus an Chomhairle Oidhreacht bainteach le oidhreacht tógtha an Chontae. Mar ábhar imní bhí gá carachtar tuaithe, suíomh agus oidhreacht seandálaíochta an tírdhreach in aice le Teamhair agus Mótarbhealach nua an M3 a chosaint, an ghá díriú ar shaincheisteanna pleanála atá bainteach le Suíomh Oidhreacht Domhanda Brú na Bóinne agus an ghá tuilleadh cosanta a thabhairt go timpeallacht stairiúil an chontae, ina n-áirítear bailte agus sráidbhailte. Déanadh alán nótaí tráchta shainiúla i leith Struchtúir Chosanta agus cuireadh moltaí chun cinn faoi bhreisiúcháin go Taifead na Struchtúir Chosanta (RPS).

Tá sé mar aidhm ag an tÚdarás Pleanála cosaint, caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar fhoirgnimh, ceantair, struchtúir, suímh agus tréithe atá spéisiúil ar chúis ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíochta nó ar chúis sóisialta nó teicniúil. Tá caomhnú mar ábhar tosaíochta ag Comhairle Contae na Mí, mar atá léirithe i bpolasaithe agus cuspóirí imlínithe sa rannóg seo den bPlean Forbartha.

Tugtar faoi oidhreacht tógtha sa rannóg seo faoi na ceithre fothéideal seo a leanas:

- Oidhreacht Seandálaíochta;
- Oidhreacht Seandálaíochta - Taifead na Struchtúir Chosanta;
- Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta, agus;
- Oidhreacht Dúchasach.

SPRIOC

Cosaint, caomhnú agus feabhsú a dhéanamh ar fhoirgnimh, ceantair, struchtúir, suímh agus tréithe atá spéisiúil ar chúis ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil.

8.3.2 Oidhreacht Seandálaíochta

In oidhreacht seandálaíochta ceantar áirítear struchtúir, foirgníocht, grúpaí foirgnimh, suímh fhorbartha, réada sho-chorraithe, séadchomharthaí do chineálacha eile chomh maith lena gcomhthéacs, má tá siad lonnaithe ar tír nó faoi uisce. Maidir leis seo, tá oidhreacht seandálaíochta suntasach ag Contae na Mí, a sholáthraíonn acmhainn chultúrtha, oideachais agus turasóireachta luachmhar. Aithníonn an tÚdarás Pleanála tábhacht caomhnú, cosaint agus cothú a dhéanamh chun tuiscint leathan phoiblí a fháil ar oidhreacht seandálaíochta an chontae.



Soláthraíonn Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 - 2004 le haghaidh cosaint an oidhreacht seandálaíochta. Bunaíodh Taifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin (RMP) faoi Alt 12 den tAcht um Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994 agus aithnítear struchtúir, tréithe, réada nó suímh liostaithe sa Taifead seo mar Shéadchomharthaí Thaifeadta. Chomh maith le cosaint a shíneadh go gach suíomh a bhfuil fios orthu, atá aitheanta mar Shéadchomharthaí Thaifeadta anois, síneann na hAchtanna um Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 - 2004 cosaint go réada sheandálaíochta agus suímh a nochtar trí chorrail talún nó aimsiú timpisteach suímh atá suite faoin uisce. Áit is gá, eiseoidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil orduithe caomhnaithe chun cinntiú go dtugtar cosaint go suímh a chreidtear atá faoi bhagairt.

Tá gá le aontú scríofa ón Aire le haghaidh gach tochair, baint nó corraíl talún gar do Shéadchomharthaí Náisiúnta in úinéireacht nó faoi choimirce An Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó an tÚdarás Áitiúil (Alt 14 atá ionadaithe ag Alt 5 den tAcht (Leasú) um Séadchomharthaí Náisiúnta 2004).

Faoi fhorálacha Ailt 12 den tAcht (Leasú) um Séadchomharthaí Náisiúnta, 1994, caithfidh aon duine a bhfuil sé ar intinn acu gabháil faoi obair fhorbartha a d'fhéadfadh cur isteach ar Shéadchomharthaí Thaifeadta fógra scríofa a thabhairt don tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 2 mhí roimh ré. Tá cóipeanna de Thaifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin ar fáil le haghaidh comhairliú poiblí i Roinn Pleanála an Chomhairle agus trí ghréasán na leabharlanna i gContae na Mí.

Tá saibhreas maith suímh sheandálaíochta ag Contae na Mí ag réimsiú ó chairn agus tuamaí phasáiste go séipéil agus caisleáin mheánaoiseacha. Mar shampla, tá suntas seandálaíochta idirnáisiúnta ag coimpléisc sheandálaíochta Brú na Bóinne, Cnóbha, Dubhadh, Teamhair agus Loch Craobh agus tá tábhacht seandálaíochta ar leith ag baint le bailte na hUaimhe, Ceanannas agus Baile Shláine le struchtúir mheánaoiseacha rí-thábhachtacha a mhair slán ós cionn an talamh agus cumas aimsithe seandálaíocht faoin talamh. Tá criosanna le cumas seandálaíochta ag na bailte seo atá tarraingthe amach ag an Roinn Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ), timpeall ar a gceartlár chun a cuid oidhreacht seandálaíochta suntasach a chosaint.

Is féidir tiomantas Comhairle Contae na Mí go caomhnú an phríomh-acmhainn seandálaíochta sa chontae, is é sin Brú na Bóinne, a fheiceáil ina chuspóirí PCÁ a ullmhú i gcomhar le Comhairle Contae na Lú don Suíomh Oidhreacht Domhanda seo. (Déan tagairt do rannóg 8.3.3). Tá Comhairle Contae na Mí tiomanta do chaomhnú ceantar Skryne Teamhair chomh maith, ceann eile de na hacmhainní seandálaíochta príomha sa chontae. Is féidir é sin a fheiceáil ina chuspóir an ceantar a ainmniú mar Limistéar Caomhnaithe Tírdhreacha i gcomhar leis an Chomhairle Oidhreacht.

Tá Seandálaíocht Tionsclaíoch an-soiléir sa Mhí freisin. Tá síntí shuntasacha de uiscebhealaí oibríochtúla agus tréigthe araon sa Chontae, a léiríonn déantúsáin oidhreacht móra. Tugann an tÚdarás Pleanála lán-tacaíocht don gcáipéis "Policy Paper on Ireland's Waterway Corridors and the National Heritage" a d'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreacht i Lúnasa 2005. Leanann athchóiriú Loingseoireacht na Bóinne agus a chaighdeán seandálaíochta tionsclaíoch uathúil de bheith mar chuspóir, a thacaíonn an tÚdarás Pleanála agus tugadh aitheantas do seo sa pháipéar polasaithe arna dtagraítear thuas. Tugann an tÚdarás Pleanála tacaíocht chomh maith do mhionstaidéar isteach i nasc idir Loingseoireacht na Bóinne, óna tearmainn san Uaimh, go dtí an Chanáil Ríoga ag Maigh Dearmhaí. Aithníonn Comhairle Contae na Mí an ról atá ag tionscal i bhforbairt an Chontae agus déanfaidh siad iarracht foirgnimh agus tréithe oidhreacht tionsclaíoch a chosaint in situ mar aon lena gcuid déantúsáin agus plandaí gaolta.

Tá sonraí faoi Shuímh agus Séadchomharthaí Náisiúnta le orduithe chaomhnaithe le fáil in Aguisín IV. Molann an tÚdarás Pleanála i leith gach saghas suímh mar seo, is cuma más Séadchomharthaí Taifeadta iad nó má tá stádas níos airde acu, go dtéann forbróirí fhéideartha i gcomhairle le na heagraíochtaí ábhartha chomh luath agus is féidir (cosúil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil) agus an tÚdarás Pleanála chun cinntiú go imeasctar buarthaí seandálaíochta isteach i moltaí fhorbartha ag an staid is luaithe is féidir.



Déanann Alt 3 den tAcht (Leasú) um Séadchomharthaí Náisiúnta 1987 (leasú breise in Acht 1994) forálacha sainiúla do chosaint longa bháite agus réada sheandálaíochta faoin uisce. D'fhéadfadh réada cosúil leis seo a bheith in abhainn agus inbhir taoide na Mí agus ba cheart d'aon fhorbairt laistigh de na ceantair seo poitéinsiúil le haghaidh aimsithe sheandálaíochta a chuir san áireamh.

D'fhéadfaí breathnú ar struchtúir sheandálaíochta, i gcásanna áirithe, mar oidhreacht ailtireachta agus, mar sin, d'fhéadfaidís a bheith léirithe ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin (RMP) agus Taifead na Struchtúir Chosanta (RPS) araon. Ciallaíonn sé seo go gcosnaíonn na hAchtanna um Séadchomharthaí Náisiúnta agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 na struchtúir seo.

Tugann Comhairle Contae na Mí aitheantas do luach agus do thábhacht an oidhreacht seandálaíochta seo agus déanann siad iarracht trí pholasaithe atá san áireamh sa Phlean Forbartha seo, cinntiú go bhfuil cosaint, caomhnú agus feabhsú éifeachtúil ar siúl i leith suímh seandálaíochta, séadchomharthaí agus a dtimpeallacht. (Téigh i gcomhairle le Taifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin atá ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le haghaidh suíomh Séadchomharthaí Taifeadta agus Criosanna Cumais Seandálaíochta sa Mhí, le do thoil).

POLASAITHE

POL OID 55	Suímh sheandálaíochta, séadchomharthaí (lena dtimpeallacht san áireamh), seandálaíocht faoin uisce agus bogaigh, agus réada atá laistigh de dhlinse Comhairle Contae na Mí a chosaint, leo siúd atá liostaithe i dTaifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin nó iarsmaí seandálaíochta fodhromchla atá aimsithe go nua san áireamh chomh maith.
POL OID 56	Cinntiú go ndéanfar breathnú suntasach ar chosaint an oidhreacht seandálaíochta nuair a táthar ag glacadh faoi, ag formheas nó ag ceadú forbairt chun coimhlínt neamhriachtanach idir forbairt agus cosaint an oidhreacht seandálaíochta a sheachaint.
POL OID 57	Cinntiú go ndéantar tarchuir ar gach moladh forbartha a mbíonn tionchar aige ar shuímh atá ainmnithe i dTaifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin nó i gCriosanna Chumais Sheandálaíochta (mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - 2007, arna leasú) go dtí na Comhlachtaí Forordaithe agus aird a thabhairt ar chomhairle agus moltaí na gComhlachtaí Forordaithe maidir le glacadh faoi, formheas nó ceadú forbairt.
POL OID 58	Cinntiú nuair a aimsítear réad nó suíomh seandálaíochta nach bhfuil taifeadta go gcuirtear aon obair a chuireann an réad nó an suíomh faoi bhagairt ar ceall láithreach agus go gcuirtear an gníomhaireacht Rialtais cuí ar an eolas faoi.
POL OID 59	Tírdhreacha seandálaíochta tábhachtacha a chosaint i gcomhar leis an ghníomhaireacht Rialtais cuí.
POL OID 60	Caomhnú in situ de gach suíomh nó réad seandálaíochta agus a dtimpeallacht a lorg (nó caomhnú trí thaifead ar a laghad).
POL OID 61	Éileamh go gcoinneofar plásóga meánaoiseacha agus patrúin shráideanna i sráidbhailte agus i mbailte móra Contae na Mí agus go ndéanfar taifead ar fhianaise de shean-theorainn, leaganacha amach s.r.l. i rith cúrsa na forbartha.
POL OID 62	Tailte adhlacadh stairiúla laistigh den Mhí a chosaint agus cothabháil orthu seo faoi réir prionsabail chaomhnaithe a spreagadh.

POL OID 63	Spreagadh agus cur chun cinn a dhéanamh ar bhainistiú agus fheabhsú oiriúnach oidhreacht seandálaíochta an Chontae.
POL OID 64	Grúpaí séadchomharthaí náisiúnta thábhachta a chosaint, lena dtimpeallacht chomhthéacsúil agus léirmhínte san áireamh, in oibriú bainistiú forbartha.
POL OID 65	Úsáid a bhaint as forálacha reachtúla na hAchtanna agus Rialacháin um Pleanáil & Forbairt agus gach saghas reachtaíochta ábhartha eile ina n-áirítear Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, chun cinntiú go leantar le cosaint tírdhreacha le luach agus íogaireacht eisceachtúil agus chun carachtar tuaithe, timpeallacht, conláiste agus oidhreacht seandálaíochta Brú na Bóinne agus Cnoc na Teamhrach ach go háirithe agus den cheantar máguaird ina n-áirítear an ceantar in aice leis an Mótárbhealach M3 atá molta agus an Crosbhealach bainteach leis i mbailte fearainn Blundelstown agus Castletown Tara a chosaint.

CUSPÓIRÍ

CUS OID 7	Taifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin (RMP) a chuir ar fáil don phobail trí shuíomh ghréasáin an Chomhairle.
CUS OID 8	Cláir oiliúna inmheánacha a bhunú le haghaidh foireann an Chomhairle a dhéanann deisiú agus caomhnú ar struchtúir stairiúla agus treoirtó ar an ábhar seo le haghaidh conraitheoirí agus grúpaí phobail áitiúla a tháirgeadh.
CUS OID 9	Suímh sheandálaíochta oiriúnacha sa Chontae a aithint arna bhféadfaí rochtain phoiblí a sholáthar, agus obair a dhéanamh i dtreo rochtain phoiblí a dhaingniú áit is cuí i gcomhairle leis an úinéir talún.
CUS OID 10	Gabháil faoi fhardal le oidhreacht tionsclaíoch na contae - ina n-áireofar canálacha, muilte, iarnróid agus droichid.

Critéir le haghaidh Measúnú Forbairt

Agus iad ag breathnú ar fhorbairtí a mbeidh tionchar acu ar Sheandálaíocht, déanfaidh an tÚdarás Pleanála:

- Measúnuithe ar thionchar seandálaíochta a lorg mar chuid de na hiarratais pleanála nuair a d'fhéadfadh forbairt molta tionchar a bheith aici ar Shéadchomhartha Taifeadta, Crios le Cumas Seandálaíochta, nó eilimint d'oidhreacht seandálaíochta atá fós gan aithint, nó a dtimpeallacht, agus;
- Cinntiú gur seandálaí le cáilíochtaí cuí a chomhlíonann na hoibrithe seandálaíochta ar fad ar gá leo nuair a bhronntar cead le haghaidh forbairt a bhfuil gá aici le maolú tionchair ar an oidhreacht seandálaíochta.

8.3.3 Suíomh Oidhreacht Domhanda Brú na Bóinne


Is ceann de na coimpléisc seandálaíochta is tábhachtaí sa domhan é Brú na Bóinne. Tá an-chuid tréithe seandálaíochta eisceachtúla coinnithe i gcoimpléasc seandálaíochta Brú na Bóinne, a chuid ealaín mheigiliteach ach go háirithe, grúpáil mhór agus ilchineálach na séadchomharthaí agus fianaise de lonnaíocht agus gníomhaíocht leanúnach sa cheantar le haghaidh thart ar 7,000 bliain. Taispeánadh de réir a chéile tábhacht idirnáisiúnta Brú na Bóinne trí phróiseas aimsithe agus taighde a thosaigh 300 bliain ó shin.

Is tírdhreach cultúrtha é Brú na Bóinne a d'fhoirmigh daoine chomh maith le nádúr. Tá sé i má íochtair gleann abhainn ina sainíonn an bealach uisce 'cruth U' mór agus a chuimsíonn sraith tuláin ísle ó thuaidh agus ó dheas le talamh níos géire gar do Dhubhadh. Tá na tuamaí phasáiste mhóra ar thalamh ard ag féachaint thar an gleann, agus tá roinnt mhaith suímh seandálaíochta eile ar cheantair atá ag luí go híseal agus tuilemhánna atá níos giorra den abhainn. Tá an tuilemhá atá ar taobh thuaidh na Bóinne saibhir i bhfiadhúlra agus ainmníodh mar Cheantar Oidhreacht Nádúrtha í. Chruthaigh il-úinéireacht mósáic tharraingteach de thalamh feirme measctha ag réimsiú ó dhian-arúil go féarach buan. Tá an-chuid de na fáil sceacha agus na sean-teorainneacha goirt in áit, le paistí coillearnaí duillsilteacha. Tá iarsmaí de lonnaíocht mheánaoiseach agus eastát ón ochtú aois déag ag Dubhadh. Tá ceantar an Suíomh Oidhreacht Domhanda talmhaíoch den chuid is mó le traidisiúin feirmeoireachta a thrasnaíonn thart ar 6,000 bliain agus tá maireachtáil raon chomh hilghnéitheach de shéadchomharthaí mar sin ina uacht don traidisiún ómóis a thaispeáin glúine de phobail feirmeoireachta.



Tá iarsmaí seandálaíochta cáiliúla Brú na Bóinne, ina n-áirítear Séadchomharthaí Náisiúnta in úinéireacht an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, aitheanta go cuimsitheach i bhFardal Seandálaíochta Contae na Mí agus tugtar cosaint dlíthiúil dóibh i dTaifead na Séadchomharthaí agus na Láithreáin (RMP) Contae na Mí (1996) a liostaíonn gach séadchomhartha agus suímh seandálaíochta. Tá thart ar 93 Séadchomhartha Taifeadta, cosanta faoi na hAchtanna um Séadchomharthaí Náisiúnta, suite laistigh de theorainn an Suíomh Oidhreacht Domhanda. Áirítear anseo tuamaí phasáiste, heinsí, fulachtaí fiadh, agus adhlachtaí ciste, liosanna agus uaimh thalún, gráinseacha, sráidbhailte mheánaoiseacha agus mhainéaracha. Chomh maith leis seo, cuimsíonn an Suíomh Oidhreacht Domhanda sainchomharthaí tíre Cath na Bóinne, oidhreacht ailtireachta shuntasach atá mar Struchtúir Chosanta i dtaifead na Struchtúir Chosanta ina n-áirítear tírdhreacha diméine (an Neadraibhíolaigh, Eastát Campbell – Caldwell agus Coddington), Loingseoireacht na Bóinne agus gnáthóga fiadhúlra ainmnithe tábhachtacha cosúil le SAC Oileáin na Bóinne & An Bhóinn, Riasc Crewbane, Bruach Abhainn Ros na Rí agus NHAanna molta Bogaigh Dhubhadh.

8.3.3.1 Plean Bainistíochta Suíomh Oidhreacht Domhanda



I 1987, d'fhorghas an Stáit bunú Páirc Sheandálaíochta Gleann na Bóinne, a dhírigh ar thuamaí phasáiste Cnóbha, Dubhadh & Brú na Bóinne. Tá croí-limistéar an Pháirc thart ar 780 heicteár ar méid agus síneann an ceantar iomlán, a áiríonn an crios maolánach, 3,300 heicteár. Lean bunú Páirc Sheandálaíochta Gleann na Bóinne staidéar faoi shaincheisteanna pleanála bainteach le Brú na Bóinne a choimisiúnaigh an Rialtas.

Áiríodh cosaint an cheantar seandálaíochta suntasach seo mar aidhm an Pháirc, ag úsáid na caighdeáin pleanála is airde, agus ag an am chéanna éascú a dhéanamh do chónaitheoirí áitiúla agus gníomhaíochtaí eacnamaíochta áitiúil comhoiriúnach le cosaint mar seo agus freastal ar acmhainneacht turasóireachta láidir an cheantair. Déileálar le gnéithe turasóireachta Brú na Bóinne i gCaibidil 3.

Cuireadh Brú na Bóinne in áit Páirc Sheandálaíochta Gleann na Bóinne i 1993 nuair a d'ainmnigh UNESCO Brú na Bóinne mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda le hiarratas an Rialtais, ceann amháin de trí cinn atá ar oileán na hÉirinn. Aithníonn an liostáil seo tábhacht uilechoiteann an tírdhreach cultúrtha seo agus cuirtear iallach ar an Stáit faoi cheangal dlí an ceantar a chosaint go dtí na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Chun riachtanais an ainmniúcháin mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda a chomhlíonadh, d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil Plean Bainistíochta i Nollaig 2002 tar éis próiseas sainithe comhairliú poiblí. Déanann an Plean, a bhfuil saolré 5 bliana aige, iarracht aghaidh a thabhairt ar na hábhair coimpléascacha éagsúla a thagann suas i suíomh le tábhacht Brú na Bóinne. An aidhm atá ag an plean ná straitéis shoiléir a sholáthar le haghaidh bainistiú an cheantair ionas gur féidir tosaíochtaí a leagadh amach a bheadh indéanta laistigh de theorann na hacmhainní atá ar fáil.

Tá 5 phríomh-chuspóir ag Plean Bainistíochta Brú na Bóinne (Rannóg 1.8):

1. Cinntiú go ndéantar cosaint ar a oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha trí reachtaíocht a chur i bhfeidhm, ag comhoibriú le húinéirí talún agus teagmháil éifeachtach a dhéanamh le húdaráis pleanála / forbartha agus eagraíochtaí eile a bhfuil suim acu ann;
2. Gabháil faoi chlár monatóireachta a d'fhéachfadh ar thionchar oibrithe caomhnaithe ag na tuamaí mheigiliteacha ag Brú na Bóinne agus Cnóbha agus straitéis caomhnaithe a ullmhú le haghaidh gach suíomh seandálaíochta, na Limistéir Speisialta um Chaomhnú agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha i mBrú na Bóinne;
3. Caighdeán ard rochtain phoiblí agus léirmhíniú ar an suíomh a sholáthar;
4. Príomh-thosaíochtaí a bhunú le haghaidh taighde a sholáthróidh tuiscint níos fearr ar réimse leathan séadchomharthaí an tsuímh, agus;
5. Comhoibriú dlúth a choinneáil leis an bpobal áitiúil, le ranna an rialtais agus le gníomhaireachtaí chun forfheidhmiú éifeachtúil an phlean bainistíochta a chinntiú.

Molann Rannóg 7 den phlean 29 gníomhaíochtaí ar fad faoi na cúig ceannteidil cosaint, caomhnú, cur i láthair, taighde agus bainistíocht ghinearálta. Iarann Gníomh 27 go nglacfar leis an Plean Bainistíochta go foirmiúil agus go gceanglófaí le Plean Forbartha Contae Comhairle Contae na Lú & na Mí é.

8.3.3.2 Caomhnú Brú na Bóinne agus an Plean Forbartha Contae

Fad is atá séadchomharthaí seandálaíochta agus suímh fhiadhúlra éagsúla faoi chosaint faoi reachtaíocht ar leith, is é cosaint an tírdhreach iomlán agus léirmhíniú struchtúir agus tréithe éagsúla réimse an Phlean Forbartha den chuid is mó. Soláthraíonn an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 an bonn le haghaidh fealsúnacht faoi fhorbairt inbhuanaithe a thabhairt isteach sa chóras pleanála Éireannach.



Áiríonn cuspóirí éigeantacha Plean Forbartha:

- Caomhnú agus cosaint na timpeallachta, le oidhreacht sheandálaíochta agus nádúrtha san áireamh ach go háirithe agus caomhnú agus cosaint suímh Eorpaigh agus aon suíomh eile a d'fhéadfaí a leagadh síos ar son an ailt seo;
- Comhtháthú a dhéanamh ar phleanáil agus forbairt inbhuanaithe an cheantair le riachtanais sóisialta, pobail agus cultúrtha an cheantair agus a dhaonra;
- Caomhnú ar charachtar na tírdhreacha chomh fada is, i dtuairim an tÚdarás Pleanála, go bhfuil sé riachtanach ó thaobh pleanála agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, le caomhnú radhairc agus amhairc agus áiseanna áiteanna agus tréithe áilleachta nó suime san áireamh, agus;
- Cosaint struchtúir, nó codanna de struchtúir, a bhfuil suim ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíocht nó teicniúil ar leith acu.

Baineann na cuspóirí thuas uile le Brú na Bóinne.



Mar aitheantas ar a stádas mar Shuíomh Oidhreachta Domhanda, tá Comhairle Contae na Mí tiomnaithe do chaomhnú Brú na Bóinne, an príomh-acmhainn seandálaíochta sa chontae. Taispeánadh an tiomantas seo i bPlean Forbartha an Contae 2001 - 2007 sa tacaíocht a thugadar do fhorfheidhmiú Phlean Forbartha Comhtháite Gleann na Bóinne. Chomh maith leis seo, i mbreathnú ar mholtaí phoiblí agus phríobháideacha araon, i gcomhthéacs seandálaíochta atá chomh íogair sin le foirgnimh oidhreachta agus struchtúir le tábhacht idirnáisiúnta, tá gá breathnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar Struchtúir Chosanta, a dtimpeallachtaí agus a léirmhíniú sa tírdhreach, ar ainmniúcháin fiadhúlra, ar Threoirlínte Tírdhreacha, ar chaomhnú cumas seandálaíochta an cheantair leis an timpeallacht agus an léirmhíniú san áireamh agus ar chosaint radhairc agus dreacha tábhachtacha. Tá caomhnú an acmhainn thábhachtach seandálaíochta, cultúrtha, miotasach, tírdhreacha agus conláiste seo snaidhme síos tríd an Plean Forbartha seo.

Tá an ceantar thart timpeall ar Shuíomh Oidhreachta Domhanda Brú na Bóinne agus suíomh Cath na Bóinne atá in aice leis tábhachtach ar leibhéal réigiúnach go idirnáisiúnta ó thaobh conláiste agus oidhreachta de agus tá ceantair leis na caighdeáin is airde radhairc sa chontae ann. Tá an ceantar seo an-íogair go gach catagóir forbairt nua, tithíocht ach go háirithe, struchtúir talmhaíochta móra, tionscail eastóscacha, foraoisiú buaircíneach agus crainn nó struchtúir arda eile a chuireann isteach ón dtaobh amuigh ar chlúdach radhairc tríd an ghleann. Tá líon mór radhairc agus dreacha atá íogair go foirmeacha mí-oiriúnacha forbartha.

Tugann an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 cead don tÚdarás Pleanála plean ceantair áitiúil a ullmhú do cheantar ag aon am agus le haghaidh aon cheantar laistigh dá cheantar feidhmeach. In aithint tábhacht uathúil Brú na Bóinne, tá sé ar intinn ag an tÚdarás Pleanála anois Plean Bainistíochta Suíomh Oidhreachta Domhanda a ionchorprú go foirmiúil isteach sa Phlean Forbartha agus Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú i gcomhar le Comhairle Contae na Lú do Shuíomh Oidhreachta Brú na Bóinne. Thabharfadh ullmhú Plean Ceantair Áitiúil tuilleadh tacaíochta do forfheidhmiú Plean Bainistíochta Suíomh Oidhreachta Domhanda. Síneann tírdhreach Brú na Bóinne níos faide ná Suíomh Oidhreachta Domhanda Brú na Bóinne agus síneann sé isteach i gContae na Lú. Ligeann an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 do dhá hÚdarás Pleanála comhoibriú in ullmhú plean ceantair áitiúil i leith aon cheantar a shuíonn laistigh de cheantar feidhmeach na húdaráis atá bainteach. Tá sé ar intinn go mbunódh an PCÁ seo creatlach phleanála ina bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mholtaí pleanála ina gcoinne, ina n-áirítear cuspóirí talamhúsáid críosaithe don

todhchaí i lonnaithe tadhlaigh, tithe aonair, forbairtí talmhaíochta, comharthaíocht, struchtúir agus aeróga theileachumarsáide, s.r.l.. Thabharfadh ullmhú PCÁ éifeacht do chuid de na cuspóirí atá iniata i bPlean Bainistíochta Suíomh Oidhreachta Domhanda Brú na Bóinne agus i bPlean Forbartha Comhtháite Gleann na Bóinne.

Mar a imlíníodh, tá an ceantar seo mar cheann de na suímh oidhreachta turasóireachta is tábhachtaí agus is coitianta sa tír agus mar sin, tá sé ina shócmhainn turasóireachta áitiúil agus náisiúnta rí-thábhachtach. Aithníonn an Plean Forbartha an tábhacht seo agus tugann sé tacaíocht do chothabháil agus do fheabhsú an suim turasóireachta le haghaidh cruthú agus cothabháil fostaíocht áitiúil. Déanann an Plean Forbartha iarracht an Suíomh Oidhreachta Domhanda agus a cheantar máguaird a chosaint i mbealach a thugann tacaíocht do chothabháil agus do fheabhsú a thírdhreach cultúrtha. Cuirfidh an tacaíocht seo taca faoi ghnéithe turasóireachta Gleann na Bóinne chomh maith i gcomharsanacht an Suíomh Oidhreachta Domhanda mar ghineadóirí ar fhostaíocht áitiúil.

POLASAITHE

POL OID 66	Cosaint a dhéanamh ar thírdhreach seandálaíochta agus cultúrtha leochaileach agus radhairc laistigh de agus in aice leis an Suíomh Oidhreachta Domhanda a fheabhsú.
POL OID 67	Ar feitheamh ullmhú an PCÁ (féach cuspóir CUS OID 11), beidh sé mar shain-pholasaí laistigh de Shuíomh Oidhreachta Domhanda Brú na Bóinne, mar a thaispeántar ar Léarscáil Uimh. 8.4, tithíocht aonair amháin a cheadú dóibh siúd atá páirteach i dtalmhaíocht lánaimseartha go háitiúil agus nach bhfuil talamh acu taobh amuigh do Shuíomh Oidhreachta Brú na Bóinne. Chomh maith le riachtanais tithíocht talmhaíochta a shásamh, tá forbairt mar seo faoi réir Chritéir le haghaidh Measúnú Forbairt chomh maith leagtha amach in Imleabhar 1, Caibidil 8, Rannóg 3.3.2 agus in áiteanna eile sa Phlean Forbartha.

CUSPÓIRÍ

CUS OID 11	Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ) a ullmhú i gcomhar le Comhairle Contae na Lú do Shuímh Oidhreachta Brú na Bóinne agus na purláin. Bhunódh an PCÁ seo creatlach pleanála a d'fhéadfaí moltaí forbartha a mheasúnú ina gcoinne, le tithíocht tuaithe agus dian-thalmhaíocht san áireamh. Thabharfadh ullmhú an PCÁ éifeacht do chuid de na cuspóirí atá sa Phlean Bainistíochta Suíomh Oidhreachta Domhanda eiseach agus i bPlean Forbartha Comhtháite Gleann na Bóinne.
CUS OID 12	Atreorú a dhéanamh ar gach iarratas pleanála laistigh de Shuímh Oidhreachta Brú na Bóinne agus na purláin go dtí Rannóg Oidhreachta agus Pleanála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le haghaidh nóta tráchta agus tabharfar aird ar na nótaí tráchta seo agus taispeánfar an aird seo i ndéanamh na gcinnte i ngach saghas iarratas pleanála mar seo.
CUS OID 13	Aontú ar chlár athbhreithnithe chomharthaíochta comhordaithe do cheantar Suíomh Oidhreachta Domhanda Brú na Bóinne leis an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus Rannóg Pleanála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Critéir le haghaidh Measúnú Forbairt

Déanann an phríomh-pholasaí atá i bhfeidhm i Suíomh Oidhreacht Domhanda Brú na Bóinne iarracht cosaint a dhéanamh ar thírdhreach seandálaíochta agus cultúrtha leochaileach agus radhairc a fheabhsú laistigh de agus in aice leis an Suíomh Oidhreacht Domhanda.

Laistigh den Suíomh Oidhreacht Domhanda agus sa Chroí-Limistéar ach go háirithe, ar feitheamh ullmhú Plean Ceantar Áitiúil, le tithíocht aonair dóibh siúd a bhfuil fostaíocht lánaimseartha i bhforbairt talmhaíochta acu mar eisceacht, cuirfidh an polasaí teorann ar oibreacha measartha cosúil le sínte ar scála beag go áiteanna cónaithe eisigh, foirgnimh talmhaíochta measartha, deartha agus soláthraithe go hógair agus foirgnimh athchurtha atá inchomparáide i scála le foirgnimh atá á bhaint agus ar chead a thabhairt do hoibreacha oiriúnacha agus athúsáid foirgnimh stairiúla.

Laistigh den Suíomh Oidhreacht Domhanda, beidh ar mheasúnú ar mholtaí forbartha comhlíonadh le polasaithe eile sa Phlean Forbartha a bhaineann le cosaint an Suíomh Oidhreacht Domhanda, ina n-áirítear cosaint radhairc, amhairc, seandálaíocht agus cosaint an timpeallacht agus conláistí oidhreacht na Séadchomharthaí Náisiúnta sa cheantar.

Áireofar i measc nithe eile measúnú orthu seo a leanas:

- Níor cheart go mbeadh aon idirléargas idir na suímh forbartha agus Séadchomharthaí Náisiúnta Brú na Bóinne, Cnóbha agus Dubhadh, suas go dtí agus ina n-áirítear an buaic ag leibhéal an dín, agus íosmhéadú ar idirléargas idir an suíomh forbartha agus suímh Séadchomharthaí Náisiúnta eile;
- Coinneofar radhairc chosanta eisigh;
- Caithfidh nach mbeadh droch-thionchar ar chonláiste, radhairc agus timpeallacht tírdhreacha na Séadchomharthaí Náisiúnta, i. cosaint ar an méid atá thuas;
- Ní mheasfar go mbeadh plandú sciatha forleathan a d'athródh suíomh tírdhreacha na Séadchomharthaí Náisiúnta mar mhaolú cuí, agus;
- Ní cheadófar forbairt a chúiseodh nó a dhianódh forbairt chlachain nó ribíneach mí-oiriúnach.

Forbairt Díolúnach

Tá forbairt díolúnach faoi réir srianta i gcásanna áirithe. Mar shampla, ní bhaineann díolúine le forbairt a chuirfeadh isteach ar shuímh, tréithe nó radhairc atá liostaithe le haghaidh cosaint i bPlean Forbartha Contae na Mí. Déan tagairt do Rialacháin Forbartha agus Pleanála 2001 - 2007, Cuid 2 'Forbairt Díolúnach' ach go háirithe Airteagal 9(1)(a) codanna (i), (vi), agus (vii).

8.3.4 Oidhreacht Seandálaíochta - Taifead na Struchtúr Chosanta

Leagann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Cuid II, Alt 10) dualgas ar gach Údarás Áitiúil cuspóir le haghaidh cosaint struchtúir, nó codanna de struchtúir, a bhfuil spéis ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil ar leith ag baint leo a chuir san áireamh ina bPlean Forbartha. Tá na foirgnimh agus na struchtúir seo curtha le chéile ar chlár ar a dtugtar Taifead na Struchtúir Chosanta (RPS), agus tá siad imlínte in Aguisín V agus mapáilte ar Léarscáil Caomhnaithe an Oidhreacht Tógtha.

I nuashonrú Taifead na Struchtúir Chosanta sa Chontae tugtar aire

- don bhFardal RCORÁ Náisiúnta le haghaidh Oidhreacht Seandálaíochta Chontae na Mí a foilsíodh le déanaí a rinne suirbhéireacht ar Chontae na Mí agus a mhol gur cheart gach struchtúr a mheastar a bhfuil tábhacht réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint leis a chuir san áireamh mar Struchtúr Cosanta i dTaifead na Struchtúir Chosanta, agus;
- ar Chosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirínte do hÚdarás Pleanála.

Comhlíonadh suirbhé ar na struchtúir ar fad a áiríodh sa Phlean Forbartha roimhe seo 2001 - 2007 agus i bPlean Forbartha Oirthear na Mí 2000 ach nach bhfuil san áireamh i moltaí an NIAH chun cinntiú gur struchtúir oiriúnacha amháin a choimeádtar sa RPS. Níl RPS i bPlean Ceantar Áitiúil Oirthear na Mí (Samhain 2005) agus tá siad sin atá liostaithe in iar-Phlean Forbartha Oirthear na Mí (2000) comhchuimsithe isteach i agus faoi chosaint ag Plean Forbartha an Chontae. Tá a gcuid Taifid ar Struchtúir Chosanta atá sna pleananna forbartha ábhartha féin ag bailte an Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas.



Is féidir le aon duine nó eagraíocht a dteastaíonn uatha struchtúr a mholadh len é a chuir leis an dtaifead sonraí, inar cheart léarscáil suímh, grianghraif agus aon tagairtí stairiúla atá ar fáil a bheith san áireamh, a sheoladh go dtí an tÚdarás Pleanála ábhartha.

Áirítear an taobh istigh de struchtúr, an talamh atá suite laistigh dá chúirtealáiste, aon struchtúr agus a dtaobh istigh atá suite laistigh den chúirtealáiste sin, agus gach daingneán agus tréith a dhéanann suas cuid de thaobh istigh nó de thaobh amuigh de aon cheann de na struchtúir seo i Struchtúr Cosanta, muna léirítear a mhalairt san RPS. Coimeádfar RPS suas chun dáta, a chuirfidh aon bhreiseiúcháin nó aon rud a baineadh amach taobh istigh de shaolré an phlean forbartha reatha san áireamh, ar shuíomh ghréasán an Chomhairle nó is féidir seiceáil a dhéanamh air ag cuntas poiblí Oifigí an Chomhairle. Is féidir struchtúir a chuir leis an RPS, taobh amuigh den bPlean Forbartha gan athrú ar an bPlean Forbartha a bheith riachtanach, agus tá taifid agus moltaí le haghaidh breiseiúcháin nuashonraithe ar fáil le haghaidh iniúchadh in oifigí an tÚdarás Pleanála. Moltar go seiceálfadh forbróirí agus daoine a bhfuil sé ar intinn acu foirgnimh stairiúla a cheannach Taifead na Struchtúir Chosanta nuashonraithe.



Faoi gcóras pleanála, níl gá le cead pleanála de ghnáth le haghaidh an-chuid de na mion-oibreacha ar struchtúir. Tugtar forbairt díolúnach ar na hoibreacha seo. Mar sin féin, le haghaidh struchtúr cosanta, is féidir oibreacha mar sin a chomhlíonadh gan cead pleanála sa chás nach mbeadh aon tionchar acu ar charachtar an struchtúir nó aon eilimint den struchtúr a chuireann lena shuímh speisialta amháin. Is féidir le húinéir nó áititheoir fógairt a lorg ón tÚdarás Pleanála faoi na saghsanna oibre a mbeadh tionchar bunúsach acu ar charachtar an struchtúir, agus a mbeadh nó nach mbeadh cead pleanála riachtanach dóibh. Ní choisceann sé seo athfhorbairt nó athruithe faoi réir rialú pleanála.

Adhmhaíonn an tÚdarás Pleanála go bhféadfadh oiriúnú le haghaidh úsáid nua a bheith i gceist ar son leas leanúnach an struchtúir chosanta. In ainneoin sin, éileoidh an tÚdarás Pleanála go gcothabháltar a charachtar ailtireachta, ag coinneáil tréithe seachtracha agus a thimpeallacht. Ní cheadófar forbairtí gar do struchtúir chosanta a mbeadh mór-thionchar acu ar a gcarachtar de ghnáth.

Soláthraíonn scéim Deontais Caomhnaithe le haghaidh Struchtúir Chosanta cabhair airgeadais do húinéirí agus áititheoirí Struchtúir Chosanta, chun cothabháil agus dul faoi chúram ar a gcuid maoin i mbealach oiriúnach. Bhí an tÚdarás Pleanála ionstraimeach i gcabhair a thabhairt d'úinéirí de mhaoín den tsaghas seo foinsí eile cabhrach a aithint trí chúnamh deontais díreach nó trí bhearta fíoscacha atá ar fáil faoi na hAchtanna Airgeadais.

POLASAITHE

POL OID 68	Oidhreacht ailtireachta Contae na Mí a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú.
POL OID 69	Cosaint ar gach struchtúr (nó, codanna de struchtúir áit is cuí) laistigh den chontae a lorg a bhfuil suim ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil ag baint leo, atá curtha san áireamh i dTaifead na Struchtúir Chosanta (Féach Aguisín V).
POL OID 70	Spreagadh a dhéanamh ar choinneáil chomhbhraiteach, athúsáid agus athshlánú struchtúir chosanta agus a dtimpeallacht. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí srianta críosaithe talamhúsáid a lagadh chun caomhnú an struchtúir chosanta a chinntiú. Éileoidh an tÚdarás Pleanála go mbeidh gach obair ar struchtúir chosanta comhlíonta faoi réir threoirínte caomhnaithe agus dea-chleachtais agus go gcosnófar suim speisialta, carachtar agus suíomh an fhoirgnimh.
POL OID 71	Bunstruchtúir an Chanáil Ríoga agus Loingseoireacht na Bóinne a chosaint i gcomhar le Uiscebhealaí Éireann agus eagraíochtaí ábhartha eile agus cinntiú nach mbíonn droch-éifeacht ag forbairt ar a gcuid bainc ar charachtar na canálacha seo.
POL OID 72	Droichid stairiúla, tréithe iarnróid agus cois bóthar (cosúil le cloch mhílte stairiúla, pumpaí iarainn theilgte agus boscaí poist) agus troscán sráide an Chontae a chosaint.
POL OID 73	Coinneáil fuinneoga, doirse, rindreáil, clúdaigh dín bunaidh agus tréithe suntasacha eile atá ag foirgnimh stairiúla a spreagadh, má tá siad cosanta nó muna bhfuil.
POL OID 74	Leanúint de bheith ag forbairt ról comhairleach / oideachais an Chomhairle i leith ceisteanna Oidhreachta agus feasachta agus tuiscint ar oidhreacht ailtireachta a spreagadh.
POL OID 75	Chun cloí leis na caighdeáin molta i bPrionsabail Caomhnaithe a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nuair a táthar ag glacadh faoi oibreacha ar eilimint an oidhreacht tógtha.

CUSPÓIRÍ

CUS OID 14	Athbhreithniú a dhéanamh ar Thaifead na Struchtúir Chosanta ar bhonn leanúnach agus struchtúir le suim speisialta a chuir leis mar is cuí, le struchtúir ón 20ú aois san áireamh.
CUS OID 15	Cinntiú go bhfuil doiciméadúchán tionlacain ag gach iarratas pleanála bainteach le na Struchtúir Chosanta mar atá imlínithe sa Sheicliosta Bailíochtaithe, ionas gur féidir measúnú cuí a dhéanamh ar oibreacha molta.
CUS OID 16	Samplaí mhaithe de thoscán sráide in situ a aithint agus a choinneáil m.sh. boscaí poist déanta as iarainn theilgte, pumpaí uisce, comharthaíocht, soilsiú sráide agus colbhaí.
CUS OID 17	Mion-nótaí teoracha a chuir ar fáil agus a dháileadh agus comhairle a sholáthar don phobail, do fhorbróirí, do chomhlachtaí phoiblí, do ghrúpaí agus do eagraíochtaí i leith Struchtúir Chosanta, Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta, Scéimeanna Deontais Caomhnaithe agus oidhreacht ailtireachta go ginearálta.
CUS OID 18	Dul i dteagmháil le Uiscebhealaí Éireann agus eagraíochta ábhartha eile chun ullmhú Plean Bainistíochta a iniúchadh le haghaidh cothabháil agus feabhsú an Chanáil Ríoga agus Loingseoireacht na Bóinne agus struchtúir atá bainteach leo laistigh de dhlínse na Mí.

8.3.5 Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta

Leagann an tAcht um Pleanáil 2000 (Cuid II, Alt 10 agus Cuid IV, Alt 81) dualgas ar Údaráis Áitiúla cuspóir a chuir san áireamh le haghaidh caomhnú a dhéanamh ar charachtar Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta (ACAanna). Is áit, ceantar, grúpa struchtúir nó bailleadhreach é ACA, a bhfuil suim ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil ar leith ag baint leis. Áiríonn siad ceantair a chuireann le léirtheiscint Struchtúir Chosanta chomh maith.



D'fhéadfadh ACA a bheith déanta suas de phátrún d'eilimint, cosúil le ábhair, córais tógála, eilimint ailtireachta, atá athdhéanta laistigh den cheantar agus a thugann meon comhchuibhis do nó d'fhéadfadh a bheith bainteach le tábhacht roinnt foirgneamh nó struchtúir a bhfuil a gcosaint bunaithe ar ensemble níos leithne arna bhféadfadh sé a bheith ina chomhpháirt. D'fhéadfadh ACAanna a bheith déanta suas de thithe sraithe, sráiddhreacha iomlána, lár bhaile nó clachain beag struchtúir mar shampla, atá bainteach le foirgneamh ar leith cosúil le muileann nó teach mór. Bíonn sé i gcúram sa tslí céanna ar shuíomh na struchtúir agus a idirghaolmhaireacht, ach d'fhéadfadh sé bheith bainteach le foirmeacha uirbeacha sainiúlachta nó gaol éigin ar leith, nó suímh thírdhreacha. Bíonn éifeacht mí-dhiolúine oibreacha go taobh amuigh d'aon struchtúir laistigh den ACA áit a mbeadh tionchar bunúsach ar charachtar an ceantair atá i gceist, mar éifeacht ar fhoirgneamh

a bheadh laistigh den Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta. Is féidir le athruithe a tharlaíonn de réir a chéile ar struchtúir aonair nach bhfuil cosanta éifeacht bhreisitheach shuntasach a bheith acu ar shráid-dhreach. Moltar naoi bhaile / sráidbhaile, coimpléasc muilinn amháin, sócmhainn sraithe agus seacht diméine a ainmniú mar ACAanna sa Mhí. Is ceantair leithleacha iad seo a thuilleann ainmniúcháin aonair mar ACAanna i dtéarmaí comhdhéanamh sráid-dreacha, foirgnimh ó thréimhsí éagsúla, stíl agus maisiú agus leagan amach foirgnimh agus sráideanna.

Aithnítear ACAanna sna cuspóirí atá liostaithe thíos agus tá a gcuid teorainn léirithe ar Léarscáil 8.1.1 - 8.1.15. Is féidir ACAanna nua a aithint agus athrú ar ACAanna eisigh a mholadh i rith saolré an Phlean trí athrú ar an bplean. Táirgeadh measúnú carachtar agus tacar polasaithe do gach ACA agus tá siad le fáil in Aguisín III.

POLASAITHE

POL OID 76	Ceantair le suim ailtireachta, stairiúla, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil ar leith ag baint leo a aithint agus iad a shonrú mar Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta. Is féidir Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta breise a aithint agus a mholadh i rith saolré an Phlean. Éileoidhan tÚdarás Pleanála gur cheart go mbeadh gach beart forbartha laistigh de ACA oiriúnach do charachtaran cheantair, lena scála ginearálta agus ábhair san áireamh. Ceadófar moltaí forbartha ar shuímh atá i gcomharsanacht Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta sa chás gur féidir é a léiriú go soiléir nach mbeadh tionchar bunúsach ag forbairt ar charachtar nó iomláine an cheantair amháin
POL OID 77	Cinntiú go soláthraítear agus go ndeartar aon fhorbairt, athruithe, nó sínta a bheadh tionchar acu ar struchtúr cosanta, struchtúr tadhlaigh nó struchtúr laistigh de ACA, agus nach mbeadh droch-éifeacht acu ar charachtar an struchtúir nó dá shuíomh nó do charachtar ginearálta an ACA.

CUSPÓIRÍ

CUS OID 19	Na Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta thíos a ainmniú agus measúnú leanúnacha chomhlíonadh agus luacháil ar ACAanna eisigh agus molta a dhéanamh i rith saolré an Phlean: i. Cill Mheasáin ii. Baile Shláine iii. Baile Lúiliáin iv. Maigh Dearmhaí v. Cnoc an Línsigh vi. Baile Átha Buí vii. Maigh nEalta viii. An Inse ix. An Seanchaisleán x. Dún Búinne xi. Coimpléasc Muileann Bhaile Shláine xii. Diméin - Ard Breacain, Caisleán Dún Samhnaí, Áth Cinn, Eastáit an tSean Droichid, Caisleán Sláine, Sommerville & Stigh Colláin. Nóta: Ullmhóidh An Roinn Pleanála léarscáil ag taispeáint méid Diméin ACA Sommerville i ndiaidh foilsiú an Plean Forbartha Contae deireanach a uchtaíodh.
CUS OID 20	Cosc a chuir ar scartáil struchtúir a chuireann go dearfach le carachtar an ACA, seachas faoi choinníollacha eisceachtúla. Áit a dtugtar cead scartáil laistigh de ACA, beidh measúnú ar thionchar an fhoirgneamh athchurtha ar charachtar an ACA ag teastáil.
CUS OID 21	Cinntiú go ndéantar atreorú ar gach iarratas pleanála a bhaineann le struchtúir in ACA nó ACA molta go dtí Oifigeach Caomhnaithe agus go dtí na Comhlachtaí Forordaithe le haghaidh nótaí tráchta sula ndéantar cinneadh futhu.
CUS OID 22	Measúnú a dhéanamh ar dhiméine marthanacha laistigh den Mhí agus caomhnú a gcarachtar riachtanach a spreagadh, iad sin atá tógtha agus iad sin atá nádúrtha araon, agfágáil spás le haghaidh ath-úsáid cuí.

8.3.6 Oidhreacht Dúchasach

Sainmhínítear Oidhreacht Dhúchasach i gCiclipéid Téarmaí Ailtireachta James Steven Curl mar 'théarma a úsáidtear chun foirmeacha agus saghsanna foirgnimh thraidisiúnta áitiúla agus réigiúnacha a úsáideann ábhair dúchasacha, agus gan móiréis ailtireachta ardnósacha', i. tithe agus áiteanna oibre na gnáthdhaoine tógtha ag daoine áitiúla ag úsáid ábhair áitiúla. Tá sé seo i gcodarsnacht le ailtireacht fhoirmiúil, cosúil le tithe móra na mionuaisle, séipéil agus foirgnimh poiblí, a dhear ailtirí nó innealtóirí go minic. Tá an chuid is mó de na foirgnimh dúchasacha ina áiteanna cónaithe intíre. Áirítear struchtúir eile cosúil le siopaí, tithe amuigh, muilinn, áith aoil, áitribh feirme, ceártaí, geataí agus piaraí geataí mar shamplaí a d'fhéadfadh titim isteach sa chatagóir seo.

Bhí an ailtireacht seo ó na gnáth-dhaoine gnách ag am amháin ach tá sé ag éirí níos annaimhe anois. Mar shampla, bhí clú agus cáil ar Chontae na Mí dá theachíní tuí uair amháin. Ar an drochuair, bhí agus leanann an saghas seo foirgnimh de bheith ag laghdú. Tá cailleadh an tuí sa chontae scanrúil agus déanfaidh an Chomhairle gach iarracht marthanacht na samplaí atá fágtha a spreagadh agus a éascú.

Tá coimpléisc feirme thraidisiúnta agus foirgnimh thalmhaíochta stairiúla Contae na Mí faoi bhagairt méadaithe mar nach bhfeictear go bhfuil siad inmharthana go heacnamaíoch don fheirm nua-aimseartha. Go minic tá na foirgnimh feirme seo lonnaithe le taobh príomh-theach cónaithe nó feirm ghníomhach ach mar thithe amuigh níos sine, d'éirigh siad iomarcach agus fágadh tréigthe iad. Go ginearálta tá na struchtúir seo tógtha le ballaí feidín nó cloiche spallaí le clúdaigh aolchloiche seachtracha. I gcásanna áirithe, is le eastáit móra na tithe amuigh talmhaíochta agus is as clocha mínghearrtha iad, le maisiú ar thréithe iontach. Spreagfaidh an Chomhairle athúsáid oiriúnach na struchtúir seo seachas athchur nó dearóiliú. Saghasanna eile ailtireacht dhúchasacha atá faoi bhrú méadaithe le haghaidh dearóiliú agus athruithe is ea aghaidheanna siopaí stairiúla agus tithe tábhairne.

Feictear caillteanas ailtireacht dhúchasach ní amháin i gcaillteanas foirgnimh iomlána ach i gcaoi mion-shonraí de réir a chéile chomh maith cosúil le athchur clúdaigh dín agus fuinneoga le ábhair nua-aimseartha, baint rindreáil seachtracha, ath-phointeáil mí-oiriúnach agus sínté mí-oiriúnacha sa bhreis. Is féidir le athruithe go foirgnimh aonair éifeacht shuntasach agus bhreisitheach a bheith acu ar shráid-dhreacha, agus tírdhreacha. Mar gheall ar nádúr oidhreacht ailtireachta dhúchasach, is é an chás de ghnáth gurb iad siúd na foirmeacha tógtha is inbhuanaithe, tógtha le ábhair áitiúla i stíl atá oiriúnach do choinníollacha áitiúla, le úsáid fuinneamh íseal i gcomparáid le tógáil fhoirgneamh nua-aimseartha choibhéiseach. Is tithe agus áiteanna oibre daoine alán de na samplaí ailtireachta dhúchasacha marthanacha, agus mar sin caithfidh siad fabhrú le sochaí athraitheach chun seilbh leanúnach a éascú agus dá bhrí sin a marthanacht. Caithfidh aon athruithe mar seo a bheith comhbhraiteach i leith tréithe speisialta agus carachtar an fhoirgnimh.

Níl an timpeallacht tógtha statach, tá sí ag forbairt agus ag fabhrú ar bhonn leanúnach. Beidh struchtúir an lae inniu mar oidhreacht na toadhchá. Ba cheart foirgnimh chomhaimseartha le caighdeán ard deartha a spreagadh go gníomhach tríd an chóras pleanála.

POLASAITHE

POL OID 78	Cosaint, coinneáil, léirthuisint agus athbheochan oiriúnach oidhreacht dhúchasach Chontae na Mí i mbailte agus i gceantair tuaithe an Chontae araon a spreagadh.
POL OID 79	Caomhnú a dhéanamh ar charachtar agus timpeallacht fhoirgnimh dhúchasacha (m.sh. geataí & píaraí geataí, clóis s.rl.).
POL OID 80	Iarracht a dhéanamh aghaidheanna siopaí stairiúla agus aghaidheanna tithe tábhairne a choinneáil mar chuid de shráid-dhreach bailte agus sráidbhailte Contae na Mí.

POL OID 81	Athúsáid oiriúnach de fhoirgnimh fheirme dhúchasacha iomarcacha a spreagadh.
POL OID 82	Athchur foirgnimh dhúchasacha atá ar ardchaighdeán le struchtúir nua-aimseartha a dhímholadh.
POL OID 83	Cabhrú le coinneáil agus forbairt scileanna tógála traidisiúnta sa Mhí.

CUSPÓIRÍ

CUS OID 23	Foirgnimh dhúchasacha a chosaint, trí úsáid Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta, Taifead na Struchtúir Chosanta agus sa ghnáth-chúrsa bainistíocht forbartha, áit a chuireann siad le carachtar ceantair agus / nó áit ar samplaí annaimhe de chineál struchtúir iad.
CUS OID 24	Cinntiú go bhfuil foirgnimh nua-thógtha tadhlaigh, agus sínte go foirgnimh dhúchasacha deartha go hoiriúnach agus nach dtógann siad ó charachtar fhoirgnimh.
CUS OID 25	Iníúchadh ar struchtúir tuí marthanachta sa Mhí a dhéanamh agus deontas tuí an RCORÁ agus deontas caomhnaithe na Comhairle a spreagadh chun cabhrú le húinéirí le coinneáil agus deisiú dín tuí.

8.4 MEASÚNÚ AR CHARACTAR TÍRDHREACHA

8.4.1 Comhthéacs & Cuspóir Reachtúil

Éilíonn na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2006, ach go háirithe, Cuid II, S.10, (e) agus 1ú Sceideal, Cuid IV, (7) gur cheart go n-áireodh gach Údarás Pleanála, agus iad ag cruthú plean forbartha, cuspóirí le haghaidh:

Caomhnú ar charachtar na tírdhreacha chomh fada is, i dtuairim an tÚdarás Pleanála, go bhfuil sé riachtanach ó thaobh pleanála agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, le caomhnú radhairc agus amhairc agus áiseanna áiteanna agus tréithe áilleachta nó suime san áireamh.

Ní coincheap nua é an dúil agus an riachtanas carachtar tírdhreacha ceantar a chosaint. Aithníonn Plean Forbartha Contae na Mí 2001 - 2007 roinnt Ceantair le Caighdeán Radhairc Maith (Rannóg 3.6.3), agus íogair gaolmhara, bíodh go bhfuil sé bunaithe go mór ar bhonn staidéar deisce. Ó achtacháin an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, thug Airí Comhshaoil éagsúla isteach mion-threoraíochtaí pleanála ar alán saincheisteanna éagsúla. I leith caomhnú ar charachtar na tírdhreacha, léiríonn treoraíochtaí mar seo, bíodh siad fós i bhfoirm dréachta, an bealach is fearr le daoine go ndéanfar é seo (déan tagairt do RCORÁ, Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha Dréachta: Treoirínte le haghaidh Údaráis Pleanála).



Is próiseas é Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha (LCA), a dhéanann cur síos, a léarscáilíonn agus a rangaíonn tírdhreacha go hoibiachtúil. Cabhraíonn sainiú a dhéanamh ar charachtar tírdhreacha le tuiscint a fhoirmiú ar luach dúchasach agus tábhacht eilimintí tírdhreacha aonair agus na próiseis a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar charachtar na tírdhreacha sa todhchaí. Ní féidir gnéithe cultúrtha agus éiceolaíochta na tírdhreacha a scaradh óna thréithe fisiceacha agus a amhairc agus mar sin cuirtear na heilimint seo ar fad san áireamh. Bhí éifeacht shuntasach ag oidhreacht shaibhir nádúrtha agus tógtha an chontae, mar atá imlínte i rannóga roimhe seo, in ullmhú an LCA.

An aidhm atá ag an LCA ná cabhair a thabhairt don Chomhairle i bhfoirmiú agus i bhforfheidhmiú a chuid polasaithe, ag cuir an chomhairle ar an eolas, ach go háirithe nuair is ea an polasaí ná:

1. Tuiscint ar thírdhreach Contae na Mí a spreagadh i dtéarmaí a charachtar dúchasach agus uathúil agus na heilimint ar chomhar a chaomhnú, a leasú nó a fheabhsú a aithint.
2. Pátrún leathan athruithe sa todhchaí a réadthiomnú agus polasaithe agus cuspóirí a dhéanamh amach mar threoir do phleanálaithe agus páirtithe eile a chinnteoidh go mbeadh athrú moltach go carachtar na tírdhreacha. Ba cheart breathnú cóir a dhéanamh ar íogair agus cumas na tírdhreacha i ngach gnéith den gcinnteoireacht.
3. Cabhrú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, an prionsabal bunúsach de gach cleachtadh pleanála agus reachtaíochta reatha, trí cur chuige comhaontaithe a spreagadh i leith pleanáil agus bainistíocht tírdhreacha a nascann polasaithe agus moltaí le haghaidh carachtar na tírdhreacha le polasaithe pleanála eisigh.

Mar atá imlínte i réamhrá na Caibidil seo, déanann an LCA suas Aguisín VI den bPlean Forbartha agus cabhróidh sé leis an bpobal, le iarratasóirí, Baill Tofa, pleanálaithe agus bainisteoirí agus iad ag breathnú ar iarratais aonair. Soláthraíonn sé uirlis le cabhrú le cinnteoireacht agus bainistíocht nó chun díol spéise ar leith a spreagadh. I measúnú iarratas aonair, tá na polasaithe agus cuspóirí ábhartha ar fad sa Phlean Forbartha agus caithfear iad a chur san áireamh chun cinneadh feasach a dhéanamh.

8.4.2 Brúnna Athruithe sa Tírdhreach

Tá na tírdhreacha i gContae na Mí ag fabhrú go leanúnach mar fhreagra ar bhrúnna nádúrtha agus gníomhaíochtaí daonna. Chruthaigh bogadh oighreach an cuma topagrafaíochta reatha atá ann agus tá gníomhachtaí daonna freagrach go mór le haghaidh clúdach tailte ó thosaigh feirmeoireacht timpeall ar an 4ú Aois. Tá an-chuid pasanna stairiúla a d'fhág a gcuid marcanna ar an tírdhreach agus atá soiléir inniu mar bhreacachan eilimint ina n-áirítear tuamaí phasáiste agus créfoirt réamh-Chríostaíochta, foirgnimh eaglasta luath Chríostaíochta, caisleáin Normannacha agus lonnaíochta le ballaí, diméine agus pátrúin goirt ón 17ú - 18ú Aois agus foirgnimh agus struchtúir ón 18ú - 19ú Aois.



Leanann brúnna athraithe go gasta inniu. Fad is atá an-chuid athruithe mar thoradh ar riachtanas eacnamaíoch, atá rí-thábhachtach le haghaidh forbairt an Chontae, d'fhéadfadh na tionchair ar charachtar na tírdhreacha a bheith an-dióbhálach. Déanann an Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha iarracht na rudaí atá luachmhar a aithint agus féachaint cén eilimint ar chomhar a chaomhnú, a leasú nó a fheabhsú. Tá sé mar aidhm aige chomh maith pátrún leathan athruithe sa todhchaí a réadthiomnú agus polasaithe agus cuspóirí a dhéanamh amach a chabhródh cinntiú go mbeadh athrú moltach go carachtar na tírdhreacha.

Is féidir na príomh-brúanna athraithe, atá mar chúis ar athruithe go dtí an cuma foriomlán, feidhm agus coinníoll na tírdhreacha a chatagóiriú mar seo a leanas:

- Lonnaíochtaí agus Struchtúir Thógtha
- Bonneagar agus Tionscal
- Turasóireacht
- Aibhneacha agus Canálacha
- Talmhaíocht
- Brat Crann

Aithnítear na foirmeacha forbartha is dóchúla a tharlóidh i gContae na Mí i Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha, agus tá siad déanta ar bhonn athbhreithniú ar threochtaí reatha agus pleanáilte atá sonraithe thuas.

Áirítear iad seo a leanas mar fhoirmeacha forbartha dóchúla:

- 1) Foirgnimh fheirme nua-aimseartha móra;
- 2) Áiseanna le haghaidh Cuairteoirí;
- 3) Forbairtí cónaitheacha il-tithíochta;
- 4) Tithe aonuaire;
- 5) Athchóiriú ar fhoirgnimh eisigh;
- 6) Cáblaí lasnairde, fostáisiúin agus crainn chumarsáide;
- 7) Bealaí iompair, i. bóithre agus iarnróid;
- 8) Suiteáil ar sheirbhísí nua faoin talamh cosúil le píopaí gás agus uisce;
- 9) Tuirbín gaoithe, agus;
- 10) Bithmhais agus foraoiseacht (ina n-áirítear tionscail eastóscacha).

Agus aire á thabhairt ar nádúr fhorbairtí atá dóchúil laistigh den Chontae, foirmíodh sraith cuspóirí leathain a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú i gcaomhnú carachtar tírdhreach an cheantair, agus tá siad imlínte thíos.

SPRIOCANNA

Tuiscint ar thírdhreach Contae na Mí a spreagadh i dtéarmaí a charachtar dúchasach agus uathúil agus na heilimint ar chomhar a chaomhnú, a leasú nó a fheabhsú a aithint.

Cur chuige comhaontaithe a spreagadh i leith pleanáil agus bainistíocht tírdhreacha a nascann polasaithe agus moltaí le haghaidh caomhnú carachtar uathúil tírdhreacha an chontae le gach polasaí agus cuspóir ábhartha síos tríd an Phlean.

POLASAÍ STRAITÉISEACH

PS OIDHREACHTA 1

Tírdhreach fisiceach agus carachtar amhairc an Chontae a chosaint.

POLASAITHE

POL OID 84	Cinntiú go gcloíonn forbairt, ach go háirithe i dtírdhreacha íogair, le treoirlínte dearaidh táilliúrtha. Áirítear sráidbhailte diméine agus LCAanna a aithníodh mar LCAanna íogair i dtírdhreacha íogair.
POL OID 85	Cosaint cuí ar amhairc agus caol-léargais a chuireann le tuiscint carachtar na tírdhreacha a sholáthar.
POL OID 86	Caol-léargais áille agus amhairc lánléargais ó phríomh-phointí amhairc agus i dtreo críoch-chomharthaí agus tréithe príomha laistigh den tírdhreach a chothabháil.
POL OID 87	Iomláine amhairc de cheantair thírdhreacha le luach íogair agus eisceachtúla a chothabháil.
POL OID 88	Forbairt inbhuanaithe leanúnach pobail tuaithe a spreagadh gan acmhainní fisiceacha, comhshaoil, nádúrtha agus oidhreacht an chontae a chur i mbaol.
POL OID 89	Caighdeáin amhairc i gceantair tuaithe a chosaint agus a fheabhsú trí dhearadh íogair a dhéanamh ar fhorbairtí riachtanacha.

CUSPÓIR

CUS OID 26	Tuilleadh teorú forlíontach a choimisiúnú chun cabhrú cosaint an tírdhreach fisiceach a bhaint amach. Ina leith seo, straitéis feabhsaithe le haghaidh áiteanna nach bhfuil ceantair le carachtar tírdhreacha i gcoinníoll barrmhaitheasa, Ráitis Dearaidh le haghaidh sráidbhailte agus gráigeanna atá nasctha go dofhuascaithe lena dtimpeallacht tírdhreacha, treoracha dearaidh le haghaidh forbairt nua cosúil le turasóireacht, tithíocht, bealaí bonneagair agus tithe aonair, agus pleananna bainistíochta le haghaidh suímh íogair agus coitianta.
------------	---

POLASAÍ STRAITÉISEACH

PS OIHDREACHTA 2
Tírdhreacha stairiúla agus seandálaíochta an Chontae a chosaint.

POLASAITHE

POL OID 90	Cuspóirí agus polasaithe le haghaidh caomhnú agus leasú gach tírdhreach stairiúil tábhachtach agus a dtimpeallachtaí i gContae na Mí a mheasúnú agus a shainmhíniú go cruinn ag cinntiú ag an am chéanna go mbainfeadh an pobail taitneamh astu.
POL OID 91	Iomláine suíomh tírdhreacha le tréithe tírdhreacha stairiúla tábhachtacha a chaomhnú chunceanntair le carachtar tírdhreacha uathúil agus gan mhilleadh, conláiste amhairc agus iomláine a chothabháil,
POL OID 92	An ranníocaíocht a dhéanann forbairtí atá tógtha go traidisiúnta agus tréithe ainmnithe / speisialta go dtí an carachtar áitiúil a aithint.
POL OID 93	Athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe agus oiriúnach le haghaidh foirgnimh stairiúla a spreagadh mar chuid de charachtar riachtanach gach lonnaíocht i gContae na Mí.

POLASAÍ STRAITÉISEACH

PS OIDHREACHTA 3	
Ordlathas de chineálacha lonnaíochtaí a chothabháil mar chuid chriticiúil de charachtar na tírdhreacha sa Mhí agus tréithe riachtanacha lonnaíochtaí aonair laistigh dá suíomh a chaomhnú trí threorú dearaidh láidir a fhorbairt.	

POLASAITHE

POL OID 94	Freastal ar fhorbairt san áit is fearr ina bhfuil sí oiriúnach trí mheas a thabhairt do íogaireacht agus cumas ceantair le carachtar tírdhreacha agus ag an am chéanna aidhmeanna níos fadtéarmaí cosúil le comaitéireacht idir-Chontae a laghdú agus an eacnamaíocht a dhéanamh níos láidre a aithint
POL OID 95	Forbairt ar fhoirmeacha uirbeacha comhdhlúth a spreagadh trí theorainn forbartha eisigh a dhaingniú agus suímh athfhorbraíochta a úsáid i bhfabhar ceantair uirbeacha a leathnaíonn isteach faoin tuath agus go lonnaíochtaí in aice leo.
POL OID 96	Cruthú forbairtí cónaitheacha inbhuanaithe atá tógtha i stíl agus scála atá oiriúnach don suíomh tírdhreacha a spreagadh.

POL OID 97	Dearadh le haghaidh áiteanna cónaithe tuaithe agus treoirlíní forbartha a ullmhú laistigh de bhliain amháin de uchtú an phlean forbartha.
POL OID 98	Aire a thabhairt ar choincheap an Chrios Uaine traidisiúnta, sin cinntiú gobhfuil go leor rochtain ag cónaitheoirí ó cheantair uirbeacha ar spás oscailte uaine ar chaighdeán ard a sholáthraíonn deiseanna áineasa, a choimeádann tírdhreacha tharraingteacha gar do lárionaid daonra, a fheabhsaíonn talamh díghrádaithe agus a dhaingníonn caomhnú an nádúir.
POL OID 99	Comhtháthú lonnaíochtaí a sheachaint trí cheantair tírdhreacha oiriúnacha a aithint mar shuímh agus críosanna maolánacha i dteandim leis an coincheap traidisiúnta den Chrios Uaine.

POLASAÍ STRAITÉISEACH

PS OIDHREACHTA 4	
Aire a thabhairt ar an tionchair comhshaoil féideartha a bheadh ag bonneagar nua agus forbairt tionsclaíoch, cosúil le truailliú torainn agus aeir, cur isteach ar amhairc, suaimhneas agus carachtar agus an toradh a d'fhéadfadh forbairt mar seo a bheith aici ar theacht chun cinn lonnaíochtaí, m.sh. spreagadh a dhéanamh ar fhorbairtí lasmuigh den bhaile.	

POLASAITHE

POL OID 100	Scála, pátrún, ábhair agus stíl dúchasach a mheas nuair atá cead á thabhairt le haghaidh forbairt nua ag tabhairt aithint den riachtanas atá ann eacnamaíocht inmharthana agus inbhuanaithe a choinneáil.
POL OID 101	Conláiste agus timpeallacht bailte agus sráidbhailte éagsúla sa chontae a fheabhsú, arna dtéann gréasáin bóithre gnóthacha tríothu a fhreastalaíonn ar chomaitéireacht iomarcach.
POL OID 102	Aird a thabhairt ar oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha an chontae nuair atáthar sa tóir ar chuspóirí maidir le soláthar an bhonneagair iompair.
POL OID 103	Ceantair a bhfuil tábhacht tírdhreacha aitheanta agus radhairc suntasacha acu a chosaint ó bhonneagar tarchurtha fuinnimh ar scála mór atá chomh feiceálach sin a bheith tógtha.
POL OID 104	Lonnú na n-Aeróg Teileachumarsáide & Struchtúir Tacaíochta, Feirmeacha Gaoithe, Fiontar ar Scála mór, Tionscail Eastóscacha agus struchtúir feiceálacha eile dá leithéid nó gníomhaíochtaí i dtírdhreacha leochaileacha ar nós limistéir Chaighdeán Amhairc Speisialta nó oidhreacht seandálaíochta, nuair atá radhairc agus / nó amhairc le bheith caomhnaithe agus i gceantair cóngaracha do séadchomharthaí náisiúnta, suímh seandálaíochta nó foirgnimh nó struchtúir liostaithe.

POLASÁI STRAITÉISEACH

PS OIDHREACHTA 5

Forbairt na turasóireachta a chur chun cinn i modh inbhuanaithe agus an soláthar de raon cuimsitheach áiseanna turasóireachta a spreagadh, faoi réir critéir láithreach, lonnaithe agus dearaidh, cosaint na gceantar atá íogair ó thaobh comhshaol de agus ceantair a aithníodh le bheith mar tírdhreacha íogaire agus machnaimh phleanála eile.

POLASAITHE

POL OID 105 Luach turasóireachta féideartha de raon éagsúil na sócmhainní tírdhreacha agus áiteanna spéise de chuid na Mí a uasmhéadú agus ordlathas na suíomh a aithint trí mheán carachtar tírdhreacha na Mí a léirmhíniú agus a chur in iúl i raon meáin inrochtana.

POL OID 106 A chinntiú nach mbaineannsoláthar na n-áiseanna cuairteoirí nua nó feabhsaithe ó charachtar an tírdhreacha agus go bhfuil siad deartha chuig na caighdeáin is airde.

POL OID 107 Athúsáid na bhfoirgneamh stairiúla a spreagadh agus a mhéid is féidir leo a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch, turasóireacht, oideachas agus na caighdeáin aeistéitiúla de lonnaíochtaí agus tírdhreacha a aithint.

POL OID 108 Carachtar na ngnéithe tírdhreacha eiseacha, bíodh siad saorga nó nádúrtha, a sholáthraíonn ábhair spéise inmharthana, a chosaint agus a fheabhsú.

POLASÁI STRAITÉISEACH

SP OIDHREACHTA 6

Earnáil talmhaíochta beoga agus folláin a chothabháil bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe fad is a aimsítear fostaíocht eile i nó gar do cheantair tuaithe chun pobail tuaithe a chothú ag an am céanna.

POLASAITHE

POL OID 109 Tírdhreach tuaithe oibrithe inmharthana a chothú trí mheán cleachtais talmhaíochta a chothabháil agus a éascú a chuireann i tslí dearfach do charachtar, luach agus riocht an tírdhreacha.

POL OID 110 z

POL OID 111 Gráigeanna inbhuanaithe a fhorbairt a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta / tuaithe chun geilleagair áitiúla beoga a chruthú, a bhaineann go díreach lena lonnaíocht tírdhreach tuaithe.

8.4.3 Cineálacha agus Ceantair Charachtair an Tírdhreacha

Níl tírdhreach an chontae aonchineálach, agus níl na brúnna air ach oiread. Tá sé dosheachanta go mbeidh codanna difriúla den chontar faoi réir brúnna forbartha éagsúla agus go léireoidh siad cumais éagsúla chun freastal agus déileáil le brú forbartha dá leithéid. Mar sin breathnaíonn an MCT ar shaintréithe an chontae, ag déanamh cur síos agus sainmhíniú dóibh agus déanann sé a chumas forbartha a mheas.



Roineann an MCT an contae isteach i 4 chineál carachtair an tírdhreacha (CCT) a sheasann do cheantair chineálacha de charachtar suntasach cosúil le hardtalún nó dorchlaí na habhann. Déantar na CCT seo a fho-roinnt i 20 ceantar carachtair thírdhreacha atá sainiúil go geografach. Bailíodh eolas trí mheán taighde fairsing agus oibre súirbhéireachta suímh. Cuirtear i láthair é i bhfoirm achoimre scríofa de na CCT mion cur síos ar Cheantair Charachtair an Tírdhreacha lena n-áirítear cur síos de na príomh thréithe agus lonnaíochtaí (san MCT atá faoi iamh mar Aguisín VI). Úsáidtear grianghraif, léarscáileanna agus léaráidí chun eolas scríofa a mhaisiú. Tá bunachar sonraí ghrianghraif agus sraith léarscáileanna a thaispeánann, i measc nithe eile, teorainneacha na gCeantar Carachtair an Tírdhreacha, sonruithe reachtúla,

talamhúsáidí, dobharlaigh, cineálacha ithreach, gnéithe stairiúla agus bealaí iompair in eineacht le Measúnú Carachtair an Tírdhreacha chomh maith. San áireamh san MCT tá moltaí a chosnódh agus a fheabhsódh carachtair an tírdhreacha dá gcuirfeadh i bhfeidhm iad, agus a éascódh agus a threoródh forbairt a dearadh go hógair.

Leagann an MCT luach ar gach ceantar carachtair thírdhreacha, ag dul ó 'Eisceachtúil' go 'Íseal'. Déantar Ceantair Charachtair an Tírdhreacha a mheas ag úsáid critéir a thógann caighdeán sceimhe, suaimhneas, iargúlacht, annamhacht, cumainn chultúrtha, stair, caomhnú, ábhair spéise áineasa agus gnéithe sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil níos leithne san áireamh. Rinneadh breithiúnas chomh maith ar tábhacht gach ceachtar carachtair thírdhreacha i gcomhthéacs idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ní i gcónaí a bhaineann sé seo go díreach lena luach nó íogaireacht - is féidir ceantair atá tábhachtach go háitiúil ranníocaíocht chomh mór a dhéanamh do charachtair thírdhreacha láidir. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh breathnaithe i dtéarmaí cosaint agus bainistíocht reachtúil de dhíth ó cheantar atá tábhachtach go hidirnáisiúnta (m.sh. más áit spéise mór é do thurasóirí).

Sainmhínítear íogaireacht na gCeantar Carachtair an Tírdhreacha mar a athléimneacht foriomlán d'fhonn a charachtar a chothú in aghaidh athraithe agus a chumas chun teacht ar ais ó chaillteanas nó díobháil dá chodanna. Déantar íogaireacht a mheas trí úsáid a bhaint as critéir a théann ó Ard go Íseal agus tá sé bunaithe ar idirghníomhaíocht na gcodanna indibhidiúla ar nós tírghné, líon na ngnéithe stairiúla atá le feiceáil (doimhneacht ama) agus dáileadh na mbreathnóirí. Is dócháil go mbeidh tírdhreach atá an-íogair leochaileach, somhailte agus so-ghabhálach i leith athraithe cé gur dócháil go mbeidh tírdhreach le leibhéal íogaireachta íseal níos láidre agus / nó fulangach i leith athraithe.

Ar deireadh, tá cumas féideartha gach MCT bunaithe ar chineála forbartha tascacha ar dócháil le tarlú laistigh de limistéar an staidéir. Is é atá in acmhainneacht ná cumas an tírdhreacha chun freastal ar chineálacha forbartha sainiúla. Ní féidir ach fíor-acmhainneacht a shainmhíniú ar bhonn cás in aghaidh cáis toisc go n-athróidh sé de réir chineáil agus foirme na forbartha, a láthair i gcomparáid le ceantar carachtair an tírdhreacha atá i gceist agus a fheicseanacht uaidh.

Tagann uirlis phleanála praiticiúil chun cinn mar thoradh ar chéim deireanach na hanailíse, ina bhfuil léarscáil, nó sraith léarscáileanna agus cur síos scríofa fótagrafacha a sheasann do cheantair charachtair an tírdhreacha, in éineacht le forleagan luachanna agus íogaireachtaí, de réir mar atá imlínithe thuas. Rinneadh moltaí chun cabhrú le forbairt na bpolasaithe pleanála gaolmhara, cur chun cinn na straitéisí agus bainistíocht forbartha laistigh den chontae. Is í aidhm na moltaí seo carachtar an tírdhreacha a fheabhsú agus a chothabháil laistigh den sprioc níos leithne a bhaineann le freastal ar fhorbairt i modh inbhuanaithe. Níl na moltaí go léir san áireamh sa Phlean Forbartha, sa chaoi is go dtiteann an-chuid dóibh lasmuigh de shainchúram an Phlean Forbartha agus / nó an Údaráis Phleanála.

Tábla 26: Carachtar an Tírdhreacha: Maitrís Achoimre - Luach, Tábhacht agus Íogaireacht na gCeantar Carachtair an Tírdhreacha

Cineál Carachtair an Tírdhreacha	Ceantar Carachtair an Tírdhreacha	Luach: Eisceachtúil, An-Ard, Ard, Measartha, Íseal, An-Íseal	Tábhacht: Idirnáisiúnta, Réigiúnach Náisiúnta, Áitiúil	Íogaireacht: Ard, Meánach, Íseal
Inbhir agus Dorchaí na hAbhann	5. Gleann na Bóinne 8. An Ainí 14. An Chanáil Ríoga 20. An Abhainn Dubh	Eisceachtúil An-Ard Ard An-Ard	Idirnáisiúnta Réigiúnach Réigiúnach Réigiúnach	Ard Ard Meánach Ard
Tídhreacha Ísealchríche	3. Talamh Feirme Tuaisceart na hUaimhe 6. Ísealchríocha Lárnacha 10. Talamh Feirme Chill Dhéagláin-Dhún Búinne 11. Talamh Feirme Dhún Búinne 13. Talamh Feirme Ráth Moliain 15. Cnoc an Dúin 16. Talamh Feirme Bhaile Átha Buí 17. Talamh Feirme Iarthar an Cheanannais	Measartha Ard Íseal An-Ard Ard Ard Measartha Measartha	Réigiúnach Réigiúnach Réigiúnach Réigiúnach Náisiúnta Réigiúnach Áitiúil Áitiúil	Meánach Meánach Ard Meánach Ard Ard Meánach Meánach
Cnoic agus Ceantair na dTailte Arda	1. Tailte Arda an Iarthuaisceart 2. Teorainn an Chabháin-Lú 4. Cnoic Bhaile Shláine Thuaidh 9. Talamh Feirme Oirthear na Mí 12. Cnoic na Teamhrach - Skyrne 18. Teorainneacha na hIarmhí 19. Cnoic Loch Craobh	Ard Measartha An-Ard An-Ard Eisceachtúil Ard Eisceachtúil	Áitiúil Réigiúnach Réigiúnach Réigiúnach Idirnáisiúnta Réigiúnach Idirnáisiúnta	Meánach Íseal Ard Meánach Ard Ard Ard
Tírdhreach Cósta	7. Machaire Cósta	Measartha	Réigiúnach	Ard

POLASAÍ

POL OID 112

Agus iarratas á mheas, beidh aird ag an Údarás Pleanála ar luach an tírdhreacha, a thábhacht agus íogaireacht, i dtreo is go gcinntítear caomhnú na huathúlachta de cheantar carachtair an tírdhreacha, mar a bhaineann sé le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

Mar a sainíodh cheana, cuireann an MCT uirlis phleanála ar fáil chun cabhrú leis an gComhairle lena polasaithe agus cuspóirí a dhéanamh de réir mar a bhaineann siad le caomhnú an tírdhreacha. Agus meas againn ar atá thuas (achoimrithe agus eastósctha ón MCT), ullmhaíodh tábla nuashonraithe, atá comhsheasmhach go ginearálta lena bhfuil sa Phlean Forbartha Contae roimhe seo, ag cur síos go hachomair ar na ceantair charachtair thírdhreacha, a luach agus nádúr na forbartha atá inghlactha de ghnáth laistigh de na Ceantair Charachtair an Tírdhreacha áirithe.

Ceantair Charachtair an Tírdhreacha	
Saintréithe	Íogaireachtaí
Machairí Cósta (Ceantar Carachtair an Tírdhreacha 7)	
Is é atá sa Mhachaire Cósta ná achar mór ísealchríche an chósta thoir atá roinnte ag inbhear na hAiní. Tá ísealchríoch latrach droimneach mar thréith an cheantair. Is féidircean-radhairc ar fáil le hais líne an chósta, ach toisc topagrafaíocht réidh an tírdhreacha agus nádúr fiáin mórán de na fála, níl radhairc faoin tír den chósta le fáil go héasca, áfach.	Léiríonn an Machaire Cósta íogaireacht ard i dtaobh le forbairt. Go háirithe, tá acmhainneacht íseal aige chun freastal ar fhoirgnimh feirme mhóra, áiseanna do chuairteoirí, cáblaí lastuas, bóithre agus iarnród, feirmeacha gaoithe, foraoiseacht agus cáblaí a chur faoi thalamh. Tá acmhainneacht níos mó ag an tírdhreach déileáil le tithíocht aon uaire, chomh maith le forbairtí ilthitíochta laistigh de cheantair uirbeacha, faoi réir dea-dearaidh agus láithreánaíochta.
Gleann na Bóinne (Ceantar Carachtair an Tírdhreacha 5)	
Tá tábhacht Idirnáisiúnta ag baint leis an tírdhreach seo, le suíomh Oidhreacht Domhanda Bhrú na Bóinne ann. Tá luach eisceachtúil aige, agus tá sé mar chuspóir de chuid an Údaráis Phleanála na deiseanna a bhaineann le hoidhreacht luachmhar an chontae a chosaint, a chaomhnú agus a uasmhéadú. Chuige seo, ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil chun polasaithe agus cuspóirí de chuid na n-Údarás Pleanála a chur chun cinn agus a imlíníú.	Tá an ceantar seo an-iogar do fhorbairt na gcatagóirí forbartha nua, go háirithe tithíocht (lena n-áirítear tithíocht aon-uaire), struchtúir talmhaíochta móra, tionscail eastósca, foraoisiú, crainn tarchurtha nó struchtúir arda eile, feirmeacha gaoithe, foraoiseacht agus cáblaí a chur faoi thalamh. Tá acmhainneacht áirithe ann chun freastal ar athúsáid na bhfoirgneamh eiseacha (lena n-áirítear foirgnimh talmhaíochta tréigthe) agus chun áiseanna a chur ar fáil do chuairteoirí.
Inbhir agus Dorchlaí na hAbhann, a chuimsíonn Gleann na hAiní, agus Gleann na hAbhann Duibhe (Ceantair Charachtair an Tírdhreacha 8 & 20)	
Sníonn an Abhainn Dubh idir Ceanannas agus an Uaimh áit a cheanglaíonn sé leis an mBóinn. Tá ainmniú Eorpach ag an abhainn iomlán mar cSAC agus tá líon codanna níos lú ainmnithe mar pNHAanna. Tá dorchlaí mórán neamhforbartha ag aibhneacha na hAiní agus na hAilbhine agus mar sin tá ard luach eiceolaíoch acu (le bogaigh, guairí réileáin láibe agus ceantair chósta gaolmhara). Tá an dá inbhear (An Bhóinn agus an Ainí) faoi chrainn go tiubh agus measartha neamhchorraithe, is gnáthóga tábhachtacha iad mar sin, agus is léir é seo óna ainmniú pNHA.	Meastar go bhfuil luach an-ard ag baint leis na ceantair seo agus tá siad tábhachtach ar bhonn réigiúnach. Tá siad an-iogair i leith forbartha. Bheadh acmhainneacht íseal ag Gleann na hAiní go háirithe chun freastal ar gach cineál forbartha. Is féidir le gleann na hAbhann Duibhe freastal ar roinnt forbartha, áfach, ar áiseanna do chuairteoirí, athchóiriú na bhfoirgneamh eiseacha, cáblaí lastuas agus faoi thalamh, feirmeacha gaoithe, bóithre agus iarnród go háirithe.

Ceantair Charachtair an Tírdhreacha	
Saintréithe	Íogaireachtaí
An Chanáil Ríoga (Ceantar Carachtair an Tírdhreacha 14)	
Téann an Chanáil Ríoga in aice le teorainn theas na Mí agus is toradh na tionsclaíochta na 19ú haoise go príomha é. Tá roinnt mhaith bailte le hais a bruacha, agus is acmhainn turasóireachta agus áineasa luachmhar í an chanáil. Meastar go bhfuil ardluach ag baint leis an gceantar agus tá sé tábhachtach ar bhonn réigiúnach.	Tá sé measartha íogair i leith forbartha. Is féidir leis an gceantar seo, faoi réir dea-dearaidh agus láithreánaithe, freastal ar áiseanna do chuairteoirí, tithe aon-uaire, feirmeacha gaoithe, cáblaí / seirbhísí lastuas agus faoi thalamh chomh maith le bóithre agus iarnród.
Cnoic Loch Craobhagus Sliabh na Calliagh (Ceantar Carachtair an Tírdhreacha 19)	
Tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis an gceantar seo, agus tá luach eisceachtúil aige, ó thaobh radharc chomh maith le hoidhreacht de. Cuimsíonn sé ceantar uachtarach ó dheas ó Sheanchaisleán ina bhfuil iarsmaí seandálaíochta suntasacha ann agus a chuireann radhairc cheannasach ar fáil den réigiún mórthimpeall. Tá pátrún na ngort oscailte agus go minic bíonn sé déanta as ballaí cloiche.	Tá an ceantar an-íogair i leith forbartha agus meastar gurb é an ceann is íogaire de na ceantair go léir i leith formhór na forbartha. Go háirithe, meastar nach bhfuil sé in ann freastal ar thithíocht ar scála mór, cáblaí nó seirbhísí lastuas agus faoi thalamh, bóithre nua, iarnród agus feirmeacha gaoithe. Faoi réir dea-dearaidh agus láithreánaithe, is féidir leis freastal ar theach aon uaire, athchóirithe agus áiseanna do chuairteoirí.
Tailte Arda Loch Síleann (Ceantar Carachtair an Tírdhreacha 18)	
Tá tábhacht réigiúnach ag baint leis an réigiún seo agus meastar go bhfuil luach ard aige. Tá cladaí oirthearacha an locha san áireamh sa cheantar atá teoranta ag contaetha na hIarmhí agus an Chabháin. Tá ceantar Rosa lena n-áirítear an ceann tíre measartha íochtarach ach le feiceáil go soiléir ón loch.	Tá sé an-íogair i leith forbartha, d'fhorbairt uirbeach go háirithe ar nós forbairtí ilthithíochta, bóithre, iarnróid, cáblaí, agus feirmeacha gaoithe, crainn tarchurtha, srl. Is féidir leis an gceantar seo, faoi réir dea-dearaidh agus láithreánaithe, freastal ar áiseanna do chuairteoirí, thithe aon uaire, athchóirithe, agus foraoiseacht.
Cnoic na Teamhrach Skryne (Ceantar Carachtair an Tírdhreacha 12)	
Meastar go bhfuil ceantar stairiúil na Teamhrach Skryne de luach eisceachtúil agus de thábhacht idirnáisiúnta. Le meas ar luach na gceantar ó thaobh oidhreacht de, i gcomhairle leis an gcomhairle oidhreacht agus na RCORÁ, tá sé de rún ag an Údarás Pleanála ceantar a ainmniú mar Limistéar Caomhantais an Tírdhreacha (Déan tagairt do Rannóg 8.4.4)	Tá an ceantar an-íogair i leith forbartha, i leith forbairtí ar scála mór atá an-fheiceálach go háirithe, bíodh gur foirgnimh feirme mhóra, bonneagar, feirmeacha, crainn tarchurtha, nó foraoiseacht iad. Tá acmhainneacht áirithe ag an gceantar chun freastal ar thithíocht aon uaire, áiseanna do chuairteoirí agus athchóirithe foirgneamh eiseacha. Beidh dearadh agus láithreánú rithábhachtach i socrú nádúir agus scála na forbartha ar féidir freastal uirthi laistigh de cheantar carachtair an tírdhreacha seo.

Ceantair Charachtair an Tírdhreacha	
Saintréithe	Íogaireachtaí
Tírdhreacha Ísealchríche (Ceantair Charachtair an Tírdhreacha 3, 6, 10, 11, 13, 15, 16 agus 17)	
Éagsúlaíonn tírdhreacha laistigh den aicme seo ó thábhacht áitiúil go tábhacht náisiúnta agus ó luachanna ísle go luachanna an-arda. Le meas ar an éagsúlacht iluach agus íogaireacht d'fhorbairt atá ann laistigh den chineál carachtair an tírdhreacha seo (Ceantair VQ10 agus AVQ11 tráth) déantar iad a mheas laistigh den MCT faoi 3 ceannteideal: • Ísealchríocha atá Tábhachtach go Náisiúnta; • Ísealchríocha atá Tábhachtach go Réigiúnach, agus; • Ísealchríocha atá Tábhachtach go hÁitiúil. Clúdaíonn an cineál carachtair ísealchríche an chuid is mó den Mhí agus toisc ardchaighdeán na talún, is talamh talmhaíochta go príomha í. I ndeisceart an chontae tá flúirse diméin na 18ú haoise le ceantair fhairsinge coillearnaí agus fearann páirce mheasctha atá teoranta ag ballaí cloiche bunúsacha, ag cruthú tírdhreach tarraingteach.	Rinneadh forbairt fhairsing ar na hÍsealchríocha, i gcomparáid le cineálacha tírdhreacha eile, mar sin tá sé rithábhachtach go gcaithfidh tuilleadh forbartha, má táthar chun freastal uirthi, a bheith déanta go híogair i dtreo is nach dtiocfaidh díghrádú na gceantar tírdhreacha seo chun cinn mar thoradh. Tá luach ard ag baint le hÍsealchríocha atá tábhachtach go náisiúnta, cosúil leo siúd atá timpeall Ráth Moiliain agus tá sé an-íogair d'fhorbairt na gcineálacha forbartha. Téann Ísealchríocha atá tábhachtach go réigiúnach, cosúil le Tuaisceart na hUaimhe, Ísealchríocha Láir, Oirdheiscirt agus Iardheiscirt i raon luacha ó íogaireacht an-ard go measartha agus meánach. Is eisceacht iad Ísealchríocha an Bharda, ós rud é go bhfuil luach íseal acu, toisc go bhfuil siad an-íogair do fhorbairt bhreise toisc an acmhainneacht iarmharach teoranta de bharr nádúr agus méid na forbartha eisi. Tá luach measartha ag Iardheiscirt an Cheannannais agus Iarthar na hUaimhe agus de thábhacht áitiúil amháin. Tá cumas suntasach acu chun freastal ar fhorbairt bhreise.

POLASÁÍ

POL OID 113	Forbairt mhíchuí a chosaint ó na radhairc atá aitheanta ar Léarscáil Carachtair an Tírdhreacha 05: Áineas Amhairc, agus na radhairc agus amhairc mar atá léirithe ar Léarscáil 8.6 (liostaithe sa tábla sa chéad dá leathnach eile)
-------------	---

Tábla 27: Radhairc & Amhairc le bheith Cosanta

Radharc	Tagairt	An baile fearainn ina bhfuil an radharc
RA1	Cnoc na Teamhrach	Jordanstown, Baile Chaisleáin na Teamhrach, Caisleán na Buide, Belpere, An Chabrach
RA2	An Bhóinn	(a) Diméin an Chaisleáin Duibh, Domhnach Mór, (b) Domhnach Mór, Dún Mó, Baile Hearman, (c) Stackallan, Cruicetown, Pighill, Dexter na Carraige, Castleparks, Diméin Chaisleáin Bhaile Shláine, (d) Fionnúir, Crebane, Caiseal
RA3		(a) Crewbane, Cnóbha Sí an Bhrú (b) Proudfootstown, Dubhadh
RA4		An Sean Droichead
RA5		An Sean Droichead & Ráth Maoláin
RA6		Oldhouse, Teach na Caorach & Dún Uabhair
RA7		Steach Maoilín, Red Mountain, Cruicerath & Roughgrange
RA8		Steach Maoilín, Dubhadh, Sí an Bhrú, Baile Mhic Giolla & Ros na Rí
RA 9		Ros na Rí, Fionnúir, Crewbane & Baile Shláine
RA10		Baile Phaghain
RA11		Kingstown, Carnuff Little & Ard Maolchon
RA12		Dún Móe
RA13	Droichead Átha	Lagovooren, Stagrennan, Stameen & Baile Uí Mhornáin
RA14		Baile Uí Mhornáin
RA15		Ninch
RA16		Kennetstown, Logán an Hálaigh, Maolla, Baile Hill Mhór, Baile an Choiléirigh, Caulstown, Ongenstown, Carnes Thoir, Carnes Thiar, Lunderstown, Prioryland, Baile an Bheileogaigh & Baile Hill Bheag
RA17		Hodgerstown, An Aill, Baile Hiobaird, Micknanstown, Na Fuarchnoic & An Ghráinseach Flemington
RA18		Rathbranchurch, Hoardstown & Creewood
RA19		Heronstown, Ráth Cheannaigh, Horistown, Tankardstown & Creewood
RA20		Baile Lóibín
RA21		An Mullach Mór, Cnoc naMí & Ballyhoe
RA22		Ardach & Barleyhill
RA23		BarleyHill, Ardach, Cnoc na Mí & Ballyhoe
RA24		Cill Mheasáin, Tullykane, Baile Shuain, Dún Samhnaí, An Cillín, Baile an Uairnigh, Baile Clamhain & Leshemstown
RA25		Dún Samhnaí, Abhainn Bhaile Shláine & Baile Shuain
RA26		Abhainn Hurely River, Kilbrew, Baile Hac & Baile Priomhain
RA27		Skryne

Radharc	Tagairt	An baile fearainn ina bhfuil an radharc
RA28		(a) Áith Luimnigh (b) Áith Luimnigh, Cill an Chairn & Sean-Bhaile Réisc (c) Ard Salach, Baile an tSaoir & Baile an Dódaigh (d) An Bheigthí (e) Na Coimíní & Naomh Eoin (f) Friaryland (g) Derrydaly (h) Moyfeagher (i) Lionsden, Dún Uabhair, Caisleán Riocaird & Cluain Aodha (j) Drummond, Moyfin & Blackshade (k) Baile na Bearna & Boolkeagh
RA29		Ráth Cuair
RA30		Collegeland, Arodstown & Moynalvy
RA31		Fordrath, Tlachta, Mullaghstones & Ocht n-Acra agus Ochtó
RA32		(a) Tankardstown & Domhnach Phádraig (b) Bloomsberry (c) Diméin Átha Cinn & Sedanrath (d) Moyfin, Gléib Cakestown & Gléib Archdeaconry (e) Na Coimíní Bána (f) Castlepole, Mountainpole & Rathbrack
RA33		Raneevoe, Crosa Caoil & Dogstown
RA34		Baile an Locha, Loch Bán & Ballany
RA35		Knocklough, Loch Craobh & Béal Leice
RA36		Cullendragh & An Ros
RA37		(a) Loch Craobh, Baile Nua, Summerbank & An Carn Bán (b) Baile an Chorraigh, Baile Phádraig & Baile an Bhealaigh
RA38		(a) Loch Craobh, Baile Nua, An Mullach, Rahagy & An Carn Bán (b) Foirceal, Summerbank, Baile an Chorraigh & Baile Nua (c) Baile an Bhealaigh, Drumlerry & Baile an Phádraig
RA39		Ervey
RA40		Alexander Reid, Baile na Móna & Baile Anraí
RA41		An Chanáil Ríoga

Critéir Mheasúnachta Forbartha

Beidh tionchar ag dearadh, láithreánú, scála, srl. chomh maith leis an tírdhreach ina bhfuil an fhorbairt le bheith suite ar an bhfíor acmhainneacht chun freastal ar fhorbairt. Sa chaoi seo, ba chóir a thabhairt faoi deara gur feidir leis na Ceantair Charachtair an Tírdhreacha freastal ar thithíocht aon uaire agus ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta riachtanacha. Mar sin féin, is léir ó mheasúnú an MCT reatha agus ó pholasaithe agus chuspóirí an phlean forbartha contae, nach bhfuil an acmhainneacht chéanna ag na ceantair go léir chun freastal ar leibhéal ceanna forbartha.

Ina theannta sin, tá formhór na tírdhreacha láidir go leor chun freastal ar fhoirmeacha forbartha eile, biodh siad bainteach le foraoiseacht, feirmeacha gaoithe, bonneagar, tionscail eastóscacha, fiontar, srl. Ní choisceann an MCT bronnadh an cheada don chineál forbartha seo ar fud an chontae, ach, sé is mhó luach an tírdhreacha, is mó a bheith an riachtanach ar an Údarás Pleanála chun iad seo a chosaint.

Is eisceacht don mhéid atá thuas iad Cnoic Loch Craobh & Sliabh na Calliagh (MCT), sa mhéid is go n-áitníodh nach bhfuil siad in ann freastal ar fhorbairtí áirithe, is iad sin, bóithre, bonneagar, tionscal, crainn tarchurtha, seirbhísí / cáblaí lastuas agus faoi thalamh, srl. Cé gur féidir leis na ceantair tírdhreacha eile go léir freastal ar gach cineál forbartha, beidh tionchar mór ar dhearadh, lonnú agus láithreacha áirithe laistigh de gach MCT ar mheasúnú agus toradh na n-iarratas indibhidiúla ar fhorbairt.

Agus iarratas á dhéanamh, ba chóir go mbeadh meas ag iarratasóirí féideartha ar cheantar carachtair an tírdhreacha ina dtiteann an t-iarratas suímh, agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní an Údaráis Phleanála i gcéim an dearaidh agus an láithreánaithe.

Agus cinneadh á dhéanamh ar iarratas, déanfaidh an tÚdarás Pleanála a dhícheall treoir soiléir a thabhairt, tuiscint nó bonn cirt cinnidh a sholáthar, nuair a raibh tionchar mór ag láthair na forbartha beartaithe laistigh de MCT ar leith ar an gcinneadh seo.

8.4.4 Tírdhreacha Oidhreachta

Tá ceantair atá de luach eisceachtúil agus tábhacht idirnáisiúnta, cosúil le Suíomh Oidhreachta Domhanda Brú na Bóinne an-íogair d'fhorbairt agus mar sin, ní mór cosaint ar leith ar thabhairt dóibh. Bogfaidh an Chomhairle, thar saolré an phlean, i dtreo Plean Áitiúil a ullmhú maidir le ceantair atá mórthimpeall ar agus ag dul i bhfeidhm ar (a) an suíomh Oidhreachta Domhanda de Bhrú na Bóinne agus déanfaidh sí taiscéal ar ainmniú an Limistéir (na Limistéar) Chaomhantais Tírdhreacha, de bhun Alt 204 den Acht um Pleanáil agus Fhorbairt, 2000, i ndáil lena croí-limistéir do (a) cheanta(i)r na Teamhrach agus Skryne agus (b) Cnoic Loch Craobh agus Sliabh na Calliagh.

Is í aidhm phleananna agus / nó ainmniúcháin dá leithéid ná carachtar tuaithe, lonnaíochta, comhthéacs stairiúil agus oidhreacht seandálaíochta an tírdhreacha a chosaint. Agus ceantair dá leithéid á aimsiú agus / nó ainmniú, beidh ar an Údarás Pleanála a chinntiú gur leor scóip agus méid an ainmniúcháin amhlaidh chun limistéir sainiúla a bhfuil cosaint de dhíth orthu a chaomhnú, .i. d'fhéadfadh go mbeadh sé níos leithne ná ceantar láithreach Suímh Oidhreacha Brú na Bóinne, ceantar na Teamhrach agus Skryne agus / nó Cnoic Loch Craobh / Sliabh na Calliagh. I gcás ceantair na Teamhrach-Skryne, tabharfar aird ar leith do chosaint an tírdhreacha ón mbagairt airithe d'fhorbairt tánaisteach féideartha de bhun an Mhótarbhealaigh M3 feabhsaithe agus Acomhail tadhlaigh, cé go mbeidh an bhéim, i gcás ceantair Bhrú na Bóinne agus / nó Loch Craobh, ar thionchar na forbartha neamhriachtanach nó nach comhtháthaithe go maith.

Beidh tionchar agus béim láidir ar bhonn ainmniúcháin dá leithéid ag na nithe seo a leanas:

- Coinbhinsiún tírdhreacha na hEorpa;
- Reachtaíocht agus treoirlínte náisiúnta;
- Treoir Aireachta;
- Chuir an anailís agus an measúnú a rinneadh le déanaí an Measúnú Carachtair an Tírdhreacha (faoi iamh mar Aguisín VI, Plean Bainistíochta Brú na Bóinne) i gcrích;
- Plean Bainistíochta Chnoic na Teamhracha a uchtaíodh, agus;
- Rannpháirteachas na ngeallshealbhóirí.

Beidh acmhainní teicniúla agus airgeadúla suntasacha de dhíth ó ullmhúchán Phlean Ceantair Áitiúil agus / nó ainmniúchán de Limisté(i)ar Caomhantair Tírdhreacha, agus mar sin beidh cúnamh ó roinnt mhaith gníomhaireachtaí a bhfuil sé de dhualgas acu ceantair oidhreachta luachmhara a chosaint ag teastáil (i. RCORÁ & An Chomhairle Oidhreachta).

Sa chaoi seo tógfaigh an Chomhairle na céimeanna seo a leanas chun tús a chur leis na cuspóirí seo agus iad a chur chun cinn:

- Foireann ildisciplíneach a bhunú ina mbeidh an RCORÁ, an Chomhairle Oidhreachta, Comhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Lú (le haghaidh PCÁ Bhrú na Bóinne);
- An mheicníocht do mhaoiniú na dtionscadal a aithint agus a chomhaontú, agus;
- Soiléiriú agus comhaontú maidir le mion-scóip an tionscadail, lena n-áirítear, i measc nithe eile, úsáid an Phlean Ceantair Áitiúil agus / nó Limistéar Caomhantais Tírdhreacha chun creatlach reachtúil aitheanta a sholáthar d'fhorfheidhmiú na haidhme seo.

As sin amach, cinnteoidh an tÚdarás Pleanála agus iad siúd atá sé de dhualgas orthu na PCÁ(anna) a ullmhú agus / nó na MCT(anna) a ainmniú, rannpháirteachas cuí na ngeallshealbhóirí ag leibhéal áitiúil, i gcomhréir le cuspóir an Údaráis Phleanála chun feabhas a chur ar oideachas, mheabhraíocht agus bród san oidhreacht.

8.4.5 Straitéis Chreasa Ghlais

I 2001, ullmhaíodh dréacht leagan de Straitéis Chreasa Ghlais le haghaidh Contae na Mí agus Fine Ghall. Ba í aidhm straitéiseach na Straitéise ná:

- Carachtar tuaithe agus oscailte na dtailte idir agus cóngarach do cheantair uirbeacha a choinneáil.
- Foráil a dhéanamh d'oscailteacht buan agus carachtar tuaithe idir cheantair uirbeacha.
- A chinntiú chomh fada agus is féidir, nach mbeidh ceantair uirbeacha nó forbairt a ghineadh go huirbeach 'idir-infheicthe' trasna an Crios Glas.
- Ildirdhealú soiléir a chur ar fáil idir ceantar tuaithe agus an tuath féin.
- Sraoilleáil, cúngú agus comhtháthú uirbeach a chosc, agus nuair is gá, dul ina éadan.

I dteannta leis na feidhmeanna príomha thuas a chomhlíonadh, ní mór do pholasaí an Chreasa Ghlais na cuspóirí seo a leanas a éascú:

- Pobal tuaithe agus geilleagar talmhaíochta inmharthana a chothabháil agus a thacú i gceantair Chreasa Ghlais trí mheán tailte talmhaíochta a chosaint ó bhrúna a ghintear go huirbeach agus trí gníomhaíochtaí talmhaíochta agus gníomhaíochtaí gaolmhara a éascú i gcomhréir le cuspóirí príomha an Chreasa Ghlais.
- Inmharthanacht na tuaithe a chothabháil, ag éascú breathnaithe fabhrach na n-úsáidí inmharthana, bíodh úsáidí talmhaíochta nó áineasa iad.
- Athghiniúint agus athfhorbairt uirbeach a spreagadh agus a chur chun cinn mar rogha eile ar shraoilleáil uirbeach.
- Tírdhreacha atá cóngarach do lárionaid uirbeacha a chothabháil agus a fheabhsú.
- Diméinte agus tírdhreacha eile luachmhara agus íogaire a chothabháil agus a chaomhnú.

Nuair atá sé inmhianaithe go n-ullmhófar straitéis an chreasa ghlais, go háirithe chun cosaint na dtírdhreacha a chinntiú agus an lonnú tuaithe idir na ceantair uirbeacha d'údaráis tadhlacha, is féidir an tuath tuaithe idir cheantair uirbeacha sa Mhí a chosaint sa mheántearma trí mheán polasaithe a chur i bhfeidhm de réir mar atá imlínte sna caibidlí atá luaite thuas agus sa Mheasúnú Carachtair an Tírdhreacha, nó trí cuspóirí ábhartha a chur san áireamh sna PCÁanna éagsúla atá le hullmhú le haghaidh lárionaid lonnaíochta indibhidiúla nó grúpaí lárionad.

